



North/South Ministerial Council
An Chomhairle Aireachta
Thuaidh/Theas



Tuarascáil Bhliantúil 2004

Clár

Réamhrá na gComhrúnaithe

Caibidil 1	An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas	5
Caibidil 2	Gníomhaíochtaí CATT i ngach ceann de na hEarnálacha 2004	9
2.1	An Earnáil Forbartha Trádála agus Gnó	10
2.2	An Earnáil Sábháilteachta Bia	12
2.3	An Earnáil Dobharshaothraithe agus Mara	14
2.4	Comhlacht na gClár Speisialta AE	17
2.5	An Earnáil Teanga	19
2.6	An Earnáil Uiscebhealaí Intíre	24
2.7	An Earnáil Turasóireachta	26
2.8	An Earnáil Oideachais	29
2.9	An Earnáil Talmhaíochta	31
2.10	An Earnáil Comhshaoil	33
2.11	An Earnáil Sláinte	34
2.12	An Earnáil Iompair	36
Aguisín 1	Cinntí a rinneadh in 2004 de réir na Nósanna Imeachta Eatramhacha	39
Aguisín 2	An Chomhrúnaireacht	45
Aguisín 3	Faisnéis Airgeadais	47
Aguisín 4	Sonraí Teagmhála na gComhlachtaí Thuaidh/Theas	49
Aguisín 5	Comhaltáí Boird na gComhlachtaí Thuaidh/Theas (2004)	53
Aguisín 6	Eolas ar na Ranna	57



Réamhrá

Tá áthas orainn an tuarascáil seo, 5ú Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), a chur i láthair.



Tá sé le tuairisciú againn gur leanadh den dul chun cinn sna hearnálacha go léir sa bhliain 2004, de réir mar a bhí na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Tourism Ireland Ltd i mbun a gcuid oibre chun comhoibriú a chur chun cinn ar mhaithe le leas na muintire sa dá chuid den oileán seo.

Faoi mar a cuireadh béim air sna Tuarascálacha Bliantúla a tháinig roimpi seo rinneadh leasú ar an gComhaontú idir an dá Rialtas, trínar bunaíodh na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Tourism Ireland, tar éis do Thionól Thuaisceart Éireann a bheith curtha ar fionraí i nDeireadh Fómhair na bliana 2002. D'fhoráil an leasú seo go dtógfadh an dá Rialtas orthu féin cinntí na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas ar pholasaithe agus ar ghníomhartha a bhainfeadh leis na Comhlachtaí Forfheidhmithe, le Tourism Ireland Ltd nó a bhfeidhmeanna faoi seach. D'fhoráil sé chomh maith nach mbronnfaí feidhmeanna nua ar bith ar na Comhlachtaí Forfheidhmithe. Ceapadh na socruithe seo chun a chinntiú go bhféadfadh na Comhlachtaí leanúint de bheith ag cur a bhfeidhmeanna tábhachtacha poiblí i gcrích ar bhonn cúraim agus cothabhála.

Tá, mar is léir as an tuarascáil seo, bonn coinnithe faoi dhul chun cinn na hoibre ag na Comhlachtaí agus tá torthaí á gcur ar fáil acu ar leas an dá mhuintire. Thug, mar shampla, breis is 2 mhilliún turasóir - an líon turasóirí ab airde fós - cuairt ar Thuaisceart Éireann in 2004. Ní raibh an comhoibriú trádála agus gnó Thuaidh/Theas chomh láidir riamh. Bhí téagar faoin dul chun cinn a bhain le bainistiú Loch Feabhail agus Loch Cairlín agus le bainistiú na n-uiscebhealaí intíre. D'éirigh thar na bearta leis an bhfógraíocht a rinne **safe food/biaslán** ar shábháilteacht bia agus bhí tairbhe ag Tuaisceart Éireann agus ag na réigiúin cois teorann as na buntáistí a ghabh le clár an AE a bheith curtha chun cinn go tréan ansin. Lean an dá eagraíocht teanga den obair thábhachtach atá fúthu agus iad ag cur na Gaeilge agus na hUltaise chun cinn. Déantar mionchur síos ar an ngnóthachtáil thar na bearta a rinne siad sna leathanaigh a leanas.

Tá fíorthábhacht le hobair foirne más leis an gcomhoibriú Thuaidh/Theas a bheith rathúil agus is mian linn an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leo siúd a rabhamar ag obair leo sa bhliain 2004. Glacaimid buíochas go háirithe leis na hAirí sa dá Chóras Riaracháin as a dtacaíocht agus a gcabhair. Táimid faoi chomaoin mhór chomh maith ag ár gcomhghleacaithe sa Chomhrúnaireacht, sna Ranna agus sna Comhlachtaí féin as a gcuid oibre, agus táimid faoi chomaoin chomh maith ag Comhaltaí na mBord.

Bhí tionchar sa deireadh thiar ag an éiginnteacht leanúnach a bhain le gnóthaí poiblí ar ár gcomhchumas plean a leagan amach don todhchaí ach rinneadh dul chun cinn suntasach, fiú leis na srianta dosheachanta seo, próisis ghnó, phleanála agus bhuiséadacha na gcomhlachtaí a fheabhsú agus scothchleachtas a neadú maidir le freagracht chorparáideach. Táthar go mór faoi chomaoin ag an bhfoireann agus ag Comhaltaí na mBord faoi gur cuireadh na hathruithe seo i gcrích.

Tá rath faoin obair atá ag tarlú faoi scáth na CATT cé nach bhfuil an scéal sin i mbéal an phobail. Is taifead iad na leathanaigh dá leanann ar an leibhéal suntasach gnóthachtála a sroicheadh cé go raibh na himthosca dian. Tá súil ag foireann na Comhrúnaireachta go mbeidh ról leanúnach aici fós sa chomhiarracht seo.

Peter Smyth
Comhrúnaí (Thuaidh)

Tim O'Connor
Comhrúnaí (Theas)

Ard Mhacha
Meitheamh 2005

Bunú

1.1 Bunaíodh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas ar an Déardaoin an 2ú Nollaig 1999 nuair a cuireadh Comhaontú na Breataine-na hÉireann dar dáta an 8ú Márta 1999 i bhfeidhm, a shínigh Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann mar chuid den Chomhaontú a dtángthas air sna Caibidlí Ilpháirtí i mBéal Feirste ar Aoine an Chéasta, 10ú Aibreán 1998 (“an Comhaontú”). Ordaíonn an Comhaontú seo go dtabharfaidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas le chéile iad siúd ó Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann a bhfuil freagrachtaí feidhmiúcháin orthu chun comhchomhairle, comhoibriú agus gníomhaíocht a fhorbairt ar oileán na hÉireann - lena n-áirítear, sin a dhéanamh trí fhorfheidhmiú ar bhonn uile-oileáin agus trasteorann - maidir le hábhair chomhleasa atá laistigh d’inniúlacht na gChóras Riaracháin, Thuaidh agus Theas.

1.2 Tá Airí ó Chóras Riaracháin Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann ar an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus tá siad ag obair le chéile chun comhoibriú a chur chun cinn idir an dá chuid den oileán ar mhaithe an chomhleasa.

Réimsí Comhoibríthe na Comhairle

1.3 D’fhoráil an Comhaontú go n-aithneofaí 12 réimse ar a laghad ina mbeadh comhoibriú agus forfheidhmiú ar bun. Chuirfí an Comhoibriú Thuaidh/Theas chun cinn sna réimsí seo ar dhá bhealach - chuirfeadh Comhlachtaí nua Forfheidhmithe Thuaidh/Theas sé cinn, ar a laghad, chun cinn agus i gcás na sé cinn eile ar a laghad chuirfeadh comhlachtaí atá sa dá dhlíne cheana féin i bhfeidhm iad ar bhonn trasteorann nó uile-oileáin.

1.4 Is iad seo a leanas na sé réimse aitheanta ina mbeadh comhoibriú ag tarlú faoi na Comhlachtaí nua Forfheidhmithe Thuaidh/Theas:

- Uiscebhealaí Intíre;
- Sábháilteacht Bia;
- Forbairt Trádála agus Gnó;
- Na Cláir Speisialta AE;
- Teanga (An Ghaeilge agus an Ultais); agus
- Cúrsaí Dobharshaothraithe agus Mara.

Aithníodh gnéithe de shé Réimse eile (ar a dtugtar ‘Réimsí an Chomhoibríthe) ina mbeadh comhoibriú ag tarlú ar leithligh faoi chomhlachtaí atá sa dá dhlíne cheana féin:

- Talmhaíocht;
- Oideachas;
- Comhshaol;
- Sláinte;
- Iompar; agus
- Turasoireacht.

1.5 Tháinig Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Breataine ar Chomhaontú ina dhiaidh sin ar an 8 Márta 1999, maidir le bunú na gComhlachtaí Thuaidh/Theas (“Comhaontú na gComhlachtaí Forfheidhmithe”). Leag an Comhaontú seo amach feidhmeanna agus struchtúir na gComhlachtaí Thuaidh/Theas agus na comhshocrúithe a bhaineann leo, agus cuireadh i bhfeidhm é sa Thuaisceart agus sa Deisceart, tríd an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Acht um Chomhaontú na Breataine- na hÉireann 1999, faoi seach. Forléirítear na heagraíochtaí seo go comhchoitianta mar na Comhlachtaí Thuaidh/Theas, nó go simplí mar “na Comhlachtaí” .

1.6 Comhdhéanann an 12 Réimse na hábhair sin ar ar féidir leis an CATT cinní a dhéanamh trí chomhaontú ar (a) pholasaithe le haghaidh cur i bhfeidhm ar leithligh i ngach dlíne agus (b) pholasaithe agus ar ghníomhaíochtaí ar leibhéal uile-oileáin agus trasteorann atá le cur i bhfeidhm ag na Comhlachtaí. Is féidir na socrúithe seo a fhorbairt a thuilleadh ach comhaontú sa Chomhairle agus tacaíocht shonrach Thionól Thuaisceart Éireann agus an Oireachtais a fháil, faoi réir mhéid na n-inniúlachtaí agus na bhfreagrachtaí atá ag an dá Chóras Riaracháin.

Formáidí Chruinnithe na Comhairle

1.7 Tagann CATT le chéile i bhformáidí éagsúla. Tagann toscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann faoi cheannaireacht an Chéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire

agus toscaireacht Rialtas na hÉireann faoi cheannaireacht an Taoisigh agus an Tánaiste le chéile faoin bhFormáid lomlánach.

Is é an tasc atá ag an bhFormáid lomlánach forléargas a fháil ar an gcomhoibriú atá ar an oileán agus ar na Forais Thuaidh/Theas.

1.8 Tugtar Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, agus an Chéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire mar ionadaithe, agus Rialtas na hÉireann, agus an tAire Gnóthaí Eachtracha mar ionadaí, le chéile i bhFormáid na bhForas. Is é an tasc atá ag Formáid na bhForas plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann leis na forais agus ar shaincheisteanna trasearnálacha, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann leis an Aontas Eorpach, agus easaontais a réiteach.

1.9 Déanann CATT maoirseacht, san Fhormáid Earnálach, ar chomhoibriú sna 12 réimse nó earnáil aontaithe. Déanann an tAire atá freagrach as an Earnáil ar leith seo ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann ag na cruinnithe seo, agus déanann beirt Airí ainmnithe ag an gCéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire ionadaíocht ar Chóras Riaracháin Thuaisceart Éireann ar bhonn trasphobail. Is iondúil go mbíonn duine de na hAirí a bhíonn freagrach as an Earnáil iomchuí san Fheidhmeannas ar dhuine den bheirt sin. Tá sé sin ag teacht leis na riachtanais a ghabhann leis an gComhaontú agus le hAcht Thuaisceart Éireann 1998 .i. go gcaithfidh rannpháirtíocht an fheidhmeannais sa CATT a bheith sa chaoi is go gcinntítear rannpháirtíocht trasphobail.

Fionraíocht Thionól Thuaisceart Éireann

1.10 Nuair a cuireadh Tionól Thuaisceart Éireann ar fionraí ar an 14ú Deireadh Fómhair 2002, tháinig Rialtas na Ríochta Aontaithe agus Rialtas na hÉireann ar chomhaontú a leagadh síos ar an 19ú Samhain 2002 i malartú nótaí. Chuir an comhaontú seo bealach ar fáil chun cinní a dhéanamh ar pholasaithe agus ar ghníomhartha a bhainfeadh leis na Comhlachtaí a fhad is a bhí an Tionól ar fionraí. Chuir Comhrúnaireacht CATT Nósanna Imeachta Eatramhacha i

bhfeidhm chun cinní Aireachta a phróiseáil a fhad is a chuirfí na socrúithe leagtha amach sa Mhalartú Nótaí idir na Rialtais i bhfeidhm. Tá na cinní a rinneadh in 2004 leagtha amach in Aguisín 1.

Feidhmeanna na Comhairle

1.11 Cuireann an Chomhairle líon áirithe feidhmeanna i gcrích de réir Sraith a Dó den Chomhaontú. Leagadh iad siúd amach sa Chomhaontú mar seo a leanas:

- Déanfaidh sí faisnéis a mhalartú, déanfaidh sí plé agus rachaidh sí i gcomhairle d’fhonn comhoibriú ar ábhair chomhleasa atá laistigh d’inniúlacht an dá Chóras Riaracháin, Thuaidh agus Theas;
- Déanfaidh sí gach dícheall chun teacht ar chomhaontú maidir le comhbheartais a ghlacadh, i réimsí ina bhfuil comhthairbhe trasteorann agus uile-oileáin i gceist, agus atá laistigh d’inniúlacht an dá Chóras Riaracháin, Thuaidh agus Theas, agus iarrachtaí daingne á ndéanamh chun aon easaontais a shárú;
- Déanfaidh sí cinní a ghlacadh trí chomhaontú ar bheartais a bheidh le forfheidhmiú ar leithligh i ngach dlíne ar leith, i réimsí suntasacha iomchuí atá laistigh d’inniúlacht an dá Chóras Riaracháin, Thuaidh agus Theas; agus
- Déanfaidh sí cinní a ghlacadh trí chomhaontú ar bheartais agus ar ghníomhaíocht ar leibhéal uile-oileáin agus trasteorann a bheidh le forfheidhmiú ag na Comhlachtaí Thuaidh/Theas.

Na Comhlachtaí Thuaidh/Theas

1.12 Feidhmíonn gach ceann de na sé Chomhlacht Thuaidh/Theas ar bhonn uile-oileáin. Cé go bhfuil sainchúram soiléir oibríochta acu, feidhmíonn gach ceann díobh faoi stiúir iomlán CATT, agus freagracht áirithe orthu freisin i leith na Comhairle, an Oireachtais agus Thionól Thuaisceart Éireann agus freisin i leith na Ranna Airgeadais agus na Ranna eile rialtais atá freagrach as a maoiniú i ngach dlíne.

Is iad seo a leanas na Comhlachtaí sin:

- Uiscebhealaí Éireann;
- An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (BCCCSB);
- An Comhlacht Forbartha Trádála agus Gnó (InterTradelreland);
- Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB);
- An Foras Teanga Thuaidh/Theas (ina bhfuil dhá Ghníomhaireacht .i. Foras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch); agus
- Coimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann (CFCSÉ) (ina bhfuil dhá ghníomhaireacht .i. Gníomhaireacht na Lochanna agus Gníomhaireacht na Soilse - féach leathanach 14).

1.13 Maidir le trí cinn de na Comhlachtaí- InterTradelreland, An Foras Teanga Thuaidh Theas agus CFCSÉ - Feidhmíonn an Bord arna cheapadh ag CATT, feidhmeanna gach Comhlacht. (Cé nach Comhlacht Forfeidhmithe é Tourism Ireland is amhlaidh atá an cás aigesean chomh maith). Tá Bord Comhairleach arna cheapadh ag CATT chomh maith ag an gceathrú Comhlacht, BCCCSB, ach is é an Príomhfheidhmeannach a fheidhmíonn feidhmeanna an Bhoird. Níl aon Bhoird ag an dá Chomhlacht atá fágtha, Uiscebhealaí Éireann agus CCSAE; maidir leis an dá chás sin is é an Príomhfheidhmeannach a fheidhmíonn feidhmeanna an Chomhlachta.

1.14 Tugtar a thuilleadh faisnéise i gCaibidil 2 ar obair na gComhlachtaí.

Na Réimsí Comhoibrithe

1.15 Is iad seo a leanas na hábhair laistigh de na Réimsí Comhoibrithe ar aontaigh CATT breithniú tosaigh a dhéanamh orthu:

- **Oideachas:** oideachas do leanaí ag a bhfuil

riachtanais speisialta (mar shampla uathachas, lagú éisteachta), tearcghnóthachtáil san oideachas, cáilíochtaí múinteoirí agus babhtáil scoláirí, ógánach agus múinteoirí;

- **Talmhaíocht:** plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta, polasaí agus taighde ar shláinte ainmhithe agus plandaí agus forbairt tuaithe;
- **Comhshaol:** bainistíocht ar chaighdeán uisce, bainistíocht dramhaíola i limistéir trasteorann, taighde ar chosaint don chomhshaol, bunachar sonraí ar an gcomhshaol, tionchar na talmhaíochta ar an gcomhshaol, agus babhtáil faisnéise agus feasacht ar an gcomhshaol;
- **Sláinte:** na seirbhísí tairmí agus éigeandála, pleanáil i gcomhair éigeandálacha móra, trealamh ardeicneolaíochta, taighde aille agus cur chun cinn na sláinte;
- **Iompar:** pleanáil straitéiseach agus sábháilteacht bóithre agus iarnród. Cé gur i bpleanáil bóithre agus iarnród go príomha a bheadh an comhoibriú thabharfaí saincheisteanna a bhaineann le hearnáil na gcalafort agus na n-aerfort san áireamh chomh maith; agus
- **Turasóireacht:** aontaíodh cuideachta teoranta phoiblí a bhunú chun margáíocht a dhéanamh, thar sáile, ar oileán na hÉireann mar cheann scríbe do thurasóirí.

1.16 Tugtar a thuilleadh faisnéise i gCaibidil 2 ar obair na Comhairle sna réimsí seo.

Comhrúnaireacht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas

1.17 Tugann Comhrúnaireacht bhuan, ar a bhfuil baill de Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus de Státseirbhís na hÉireann mar fhoireann, tacaíocht do CATT. Tugtar a thuilleadh faisnéise in Aguisín 2 ar obair na Comhrúnaireachta.

Tugtar cuntas sa chaibidil seo ar na cinntí a rinneadh agus ar na gníomhaíochtaí a ndeachthas ina mbun i ngach ceann de na hearnálacha in 2004.

An Earnáil Forbartha Trádála agus Gnó



Peter Grant (ar dheis), Gníomhaire Bainistithe an Chláir Aistrithe Teicneolaíochta FUSION de chuid InterTradelreland, agus Brendan Donnelly (ar clé) Fiontar Éireann, ball de Phainéal Stiúrtha FUSION InterTradelreland atá sa ghrianghraf seo a tógadh ag Renley Ltd., cuideachta ó Bhaile Átha Cliath a dhearann agus a tháirgíonn táirgí i gcomhair líonraí seachadta leictreachais ar voltas íseal. Is cuideachta chomhpháirtíochta le FUSION InterTradelreland í Renley Ltd, agus bíonn sí ag obair i gcomhar le hOllscoil na Ríona, Béal Feirste agus le Gavin Tuite, céimí.

An Chuideachta Forbartha Trádála Agus Gnó - InterTradelreland

2.1.1 Is é an Dr Martin Naughton cathaoirleach InterTradelreland agus is é an tUas. Barry Fitzsimons an Leas-Chathaoirleach. Is é an tUas. Liam Nellis Príomhfeidhmeannach InterTradelreland. Tá liosta de chomhaltaí an Bhoird in Aguisín 5.

Feidhmeanna/Cuspóirí

2.1.2 Is é misean InterTradelreland mar atá tugtha síos sa Phlean Corparáideach 2002-2004 bheith i gceannas ar fhorbairt chóras eacnamaíochta an oileáin trí idirghabhálacha sainiúla eolas-bhunaithe a tháirgfidh torthaí suntasacha i réimse na trádála agus na forbartha gnó trasteorann. Forbairt na trádála agus an ghnó Thuaidh/Theas a chur

chun cinn an cuspóir foriomlán atá roimhe. D'fhonn é seo a bhaint amach tá InterTradelreland ag obair chun cur ar chumas na ngnóthas a bheith ábalta trádáil ar bhonn uile-oileáin trí chur leis an eolas agus leis an bhfaisnéis a bheadh de dhíth ar chinnteoirí gnó agus polasaí, agus trí fheabhas a chur ar an tslí ina scaiptear an t-eolas sin orthu siúd a d'fhéadfadh é a úsáid ar mhaithe le luach a chruthú.

2.1.3 Oibríonn InterTradelreland go dlúth leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta, Béal Feirste, agus leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Baile Átha Cliath, agus leis na gníomhaireachtaí forbartha atá i dTuaisceart Éireann agus sa Deisceart cheana féin, faoi réir threoir pholasaí foriomlán na CATT.

2.1.4 Tá sé de chuspóir chomh maith ag InterTradelreland cur le cumas iomaíochta na bhfiontar sa chomhthéacs

Thuaidh/Theas i réimsí mar shampla infhaighteacht scileanna, teileachumarsáid, teicneolaíocht na faisnéise agus tráchtáil leictreonach.

Gníomhaíochtaí

2.1.5 Chuir InterTradelreland tionscadail i gcrích in ocht gcinn de Limistéir Tosaíochta Clár sa bhliain 2004: Feasacht Trádála, Forbairt Trádála, Taighde Gnó agus Eacnamaíochta, Tacaíocht d' Fhiontair Bheaga, Cothromas Príobháideach, Eolaíocht & Teicneolaíocht, Tagarmharcáil Uile-Oileáin agus Bainistíocht ar an Slabhra Soláthair. Oibríonn InterTradelreland i ndlúthchomhpháirtíocht sna réimsí seo go léir le gníomhaireachtaí forbartha eacnamaíochta eile agus le comhpháirtithe tionsclaíochta agus acadúla.

Áirítear iad seo a leanas ar phríomhghnóthachtálacha InterTradelreland don bhliain 2004:

- Breis is fiche comhpháirtíocht straitéiseacha uile-oileáin a bhunú, trí thionscnaimh amhail a gclár aistrithe teicneolaíochta (FUSION), tionscnaimh slabhra Soláthair (Supply Chain Ireland, Supply Chain Champions Programme), clár na bhfiontar beag (MICROTRADE) agus clár díolacháin agus margáíochta don oileán go léir (FOCUS agus ACUMEN). Bhí cabhair le fáil ag an dá rialtóir theileachumarsáide (OFCOM agus COMREG) ó InterTradelreland sa chomhoibriú a bhí eatarthu mar gur chuir sé tuarascálacha taighde ar fáil faoin bpoitéinseal do tharaifí teileachumarsáide don oileán go léir agus ina theannta sin tá Meabhrán Comhthuisceana aontaithe aige le Council on Competitiveness na Stát Aontaithe chun cuidiú le comhoibriú sa bhreis a fhorbairt idir Tuaisceart Éireann agus Éirinn agus le hidirghníomhaíocht sa bhreis a fhorbairt leis na Stáit Aontaithe ar shaincheisteanna a bhaineann le cumas iomaíochta;
- Faisnéis theicniúil agus mhargaíochta a chur ar fáil do bhreis is 4500 cuideachta trína gcláir agus a n-ócáidí;
- Breis is luach £20M/€29Mde ghnó díreach trasteorann a chruthú trí ghníomhaíochtaí i gcláir mar, Supplier Education, EquityNetwork, FUSION, ACUMEN agus Network & Getwork;

- Áiseanna a chruthú agus a chur ar fáil don oileán go hiomlán mar shampla an EquityNetwork Seedcorn Competition, expertiseireland.com (an tairseach idirlín 'Taighde & Forbairt' don oileán go léir), go-source.com (eolaire soláthair poiblí don oileán go léir), MICROTRADE tionscnamh na bhfiontar beag agus INNOVA (an clár ar chomhoibriú ar Thaighde agus Dearadh don oileán go léir);

- Gnó & taighde eacnamaíochta agus foilseacháin: agus iad seo a leanas san áireamh do 2004, tuarascálacha uile-oileáin ar Throsacán, Gairneoireacht agus Earnálacha na Seirbhísí Airgeadais, agus Fiontraíocht agus foilsiú ráithiúil den All Island Trade and Production Monitor;

- Breis is caoga ócáid rathúil ghnó uile-oileáin lena n-áirítear Cruinniú Mullaigh uile-oileáin ar Chumas Iomaíochta, Comhdháil EquityNetwork, Na Gradaim Trádála agus Gnó Uile-Oileáin, Ócáidí Feasachta faoi Thrádál sna Réigiúin, na seimineáir ag an bhFóram Tagarmharcála Uile-Oileáin, ócáidí na ndíoltóirí-na gceannaitheoirí Network & Getwork agus PLATO, An Lá Náisiúnta do Líonrú; agus

- Moltaí maidir le polasaí chuig ranna rialtais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann i réimsí amhail cumas iomaíochta, fiontraíocht, seirbhísí airgeadais, gairneoireacht, eolaíocht & teicneolaíocht, scileanna agus teileachumarsáid.

2.1.6 Sheol InterTradelreland a Phlean Corparáideach 2005-2007 i mí Feabhra 2005, agus is é seo an Misean atá tugtha síos aige:

Cumas iomaíochta eacnamaíochta an oileáin go léir a fheabhsú ar fud an domhain ionas go rachaidh sé chun leasa na hÉireann agus Thuaisceart Éireann agus é seo a chur i gcrích trí bhearta mar líonraí láneolais trádála agus gnó a fhorbairt ar fud an oileáin agus trí chlár forbartha trádála agus gnó a chur i bfeidhm.

2.1.7 Tá a thuilleadh eolais faoi InterTradelreland le fáil ar shuíomh gréasáin an Fhorais www.intertradeireland.com

An Earnáil Sábháilteachta Bia



Cé mar is cóir na lámha a ní á thaispeáint ag safefood/biaslán ag Seó Balmoral 2004

An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia

2.2.1 Sábháilteacht Bia an príomhchúram atá ar an mBord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia mar aon le tacú le comhoibriú eolaíoch idir na forais atá ag obair sa réimse sin. Tá Bord Comhairleach 12 comhalta aige agus iad ceaptha ag CATT. Is é an tUas. Bertie Kerr cathaoirleach an Bhoird agus is é an tOllamh Charlie Daly, an Leas-Chathaoirleach. Is é an tUas. Martin Higgins Príomhfheidhmeannach an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia. Tá liosta de na Comhaltaí Boird in Aguisín 5.

Feidhmeanna/Cuspóirí

2.2.2 Feidhmíonn an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia faoin mbranda ‘safefood’ nó ‘Biaslán’ i nGaeilge, agus tá trí stiúthóireacht faoi - Eolaíoch agus Teicniúil, Margaíocht agus Cumarsáid, agus Pleanáil agus Acmhainní. Cinntíonn an struchtúr seo go mbíonn dóthain acmhainní ag an gComhlacht agus go mbíonn na tacaí riachtanacha i bhfeidhm chun na cláir a thacaíonn lena shainchúram a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus a mhisean a chur i gcrích.

2.2.3 Comhlíonann an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia a ról trí fheachtais phoiblíochta agus comhdhálacha saineolaíche agus trí chomhairle agus oiliúint a chur ar dhaoine gairmiúla agus ar an bpobal i gcoitinne. Tugann sé tacaíocht chomh maith don chomhoibriú eolaíoch Thuaidh /Theas agus do cheangail idir na forais atá ag obair i réimse na sábháilteachta bia - saotharlanna, gníomhaireachtaí reachtúla bainteach le forfheidhmiú na sábháilteachta bia, comhlachtaí taighde idirnáisiúnta agus intíre. Tá sé de shainchúram ar an mBord saintástálacha atá éifeachtach ó thaobh costais de a fhorbairt i saotharlanna. Tá sé de chúram ar an mBord chomh maith measúnú neamhspleách eolaíoch a sholáthar ar chúrsaí sábháilteachta bia. Tá an comhoibriú trasteorann idir na heagraíochtaí a bhíonn ag obair sna réimsí seo lárnach d’obair an Bhoird.

Gníomhaíochtaí

2.2.4 Sheol safefood/biaslán feachtas poiblíochta agus margaíocht dhíreach sa bhliain 2004 mar chuid den tseiceáil a dhéanann sé trína fheachtas leanúnach cumarsáide. Ba í aidhm shonrach an fheachtais teirmiméadar do chuisneoirí a dháileadh ar fud an oileáin go léir. Comhthionscnamh ab ea

an feachtas seo leis an ngrúpa bia Glanbia; dáileadh 50,000 teirmiméadar ar theaghlaigh.

2.2.5 D’oibrigh safefood/biaslán agus Coimisiún Craoltóireachta na hÉireann as lámha a chéile chun cód maidir le fógraíocht do Leanáí a chur i dtoll a chéile; tharla sé seo mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin. Úsáideadh cruinniú bricfeasta óstaithe ag safefood/biaslán mar fhóram chun díospóireacht réamhghníomhach a dhéanamh ar na saincheistean. Bhí ionchur ag ionadaithe ó thionscal an bhia, lucht déanta polasaí, grúpaí ionadaíochta na leanáí agus lucht acadúil sa díospóireacht.

2.2.6 Sheol an tAire Sláinte agus Leanáí Micheál Martin T.D., comhdháil safefood/biaslán 2004 dar teideal ‘Why Risk it?’ i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tugadh cuntas le linn na comhdhála ar na dúshláin atá ann i ndáiríre faoi dhul i ngleic leis na contúirtí atá ag gabháil leis an tslí mhaireachtála atá againn in Éirinn an lae inniu. D’fhreastail toscairí as tíortha ar fud an AE, lena n-áirítear na ballstáit nua, agus a raibh saeolas acu ar chúrsaí éagsúla ar leith, ar an gcomhdháil.

2.2.7 Bhí clúdach forleiththeadach sna meáin i ngach aon cheann de limistéir na 26 comhairle dúiche ar an tSeachtain Náisiúnta Sábháilteachta Bia a bhí ar siúl i dTuaisceart Éireann i mí na Bealtaine. B’ar eagraíochtaí pobail, grúpaí eaglaise agus ar chumainn eile a bhíonn ag freastal ar bhaill nó ar chuairteoirí ag cruinniú, ag cóisir nó ag aontaí a bhí an teachtaireacht dírithe go príomha. Bhí taispeántas ag safefood/biaslán agus ag an nGníomhaireacht um Chaighdeán Bhia i dTuaisceart Éireann i lár mhí na Bealtaine ag Seó Balmoral i mBéal Feirste. Sábháilteacht bia ar an bhfeirm téama an taispeántais.

2.2.8 Chuir safefood/biaslán tús le gníomhaíocht dhíreach phiólótach margaíochta in ocht gcoláiste chun iarracht a dhéanamh teachtaireachtaí faoi shábháilteacht bia a chur trasna ar bhealach a bheadh ábhartha do mhic léinn. Ba ‘feiliúnach d’aon sochaí’ teideal an fheachtais. Cuireadh noda faoin gcúrsa coláiste a chríochnú gan a bheith tinn le nimhiú bia i láthair go tarraingteach agus scaipeadh an t-ábhar ar fud na gcoláistí.

2.2.9 Gné thábhachtach d’obair safefood/biaslán is ea an taighde. Bronnadh líon áirithe de thionscadail taighde agus de chomhaltachtaí agus tionóladh seimíneáir taighde ar ar fhreastail cainteoirí d’ardchlú i lárionaid ar fud an oileáin.

2.2.10 Bhí ceardlann a tionóladh in Ollscoil Chathair Átha Cliath i mí Meán Fómhair ar cheann díobh sin inar cuireadh torthaí an tionscadail ar chóras scagtha a fhorbairt a mbeadh ar a chumas raon leathan de dhrugaí nimhiúla agus neamhdhleathacha i bhfeoil dhearg a bhrath i láthair. Tionóladh ceardlann i mí Deireadh Fómhair chun torthaí an tionscadail taighde a bhí ag safefood/biaslán a chur i láthair. Tionscadal ab ea é seo chun éifeachtúlacht na bPointí Criticiúla Rialaithe in Anailís Ghuaise i monarchana táirgthe feola a mheas.

2.2.11 Rinneadh athbhreithniú ar fhorbairt straitéiseach seirbhísí saotharlainne sheirbhís na sláinte poiblí ar iarratas ón Roinn Sláinte agus Leanáí. Chlúdaigh an t-athbhreithniú Saotharlanna uile Rialaithe Bia na mBord Sláinte sa Deisceart agus safefood/biaslán ag feidhmiú mar Rúnaireacht. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanáí, an tUas. Brian Lenihan T.D. i mí Iúil in oifigí safefood/biaslán i mBaile Átha Cliath.

2.2.12 Chuidigh an Clár Oiliúna Gluaisteachta a bhí dírithe ar Shaotharlanna go mór le hidirghníomhaíocht foirne agus aistriú teicneolaíochta a spreagadh. Bhí sraith de cheardlanna ar bun freisin sna réigiúin ar fud an oileáin faoi stiúir safefood/biaslán. Tionóladh iad seo d’fhoirne saotharlainne agus clúdaíodh creidiúnú saotharlainne, iniúchadh inmheánach agus bainistíocht saotharlainne iontu.

2.2.13 Leanadh i rith na bliana de na cláir gnímh do chomhoibriú idir saotharlanna dar teideal ‘tionscadail sineirgíochta’. Fuair na cláir seo maoiniú ó safefood/biaslán agus bhí forbairt agus bailíochtú ar mhodh mear móilíneach chun baictéir sa bhia a bhrath i gceist leo. Laghdaigh sé seo agá slánúcháin ó chúig lá go 24 uair an chloig.

2.2.14 Bhunaigh an t-aonad Lablink nuachtlitir ráithiúil d’fhoirne saotharlainne. Tá an nuachtlitir a bhíonn ar fáil mar pháipéar agus go leictreonach, dírithe ar saotharlanna poiblí atá ag obair i réimse na sábháilteachta bia thuaidh agus theas. Bíonn ailt spésiúla ann ar a n-áirítear an t-eolas is déanaí, go rialta, ar ghníomhaíochtaí safefood/biaslán, nuacht faoi thionscal na feola agus eolas teicniúil.

2.2.15 Tá a thuilleadh eolais faoi safefood/biaslán le fáil ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta www.safefoodonline.com

An Earnáil Dobharshaothraithe agus Mara



Coimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann

2.3.1 Tionóltar cruinnithe den Earnáil Dobharshaothraithe agus Mara de CATT d'fhonn cinntí a dhéanamh ar na polasaithe agus an gníomh a bhíonn le forfheidmiú ag Coimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann (CFCSÉ).

2.3.2 Forálann Comhaontú na gComhlachtaí Forfheidmithe go gcomhlíonadh Coimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann a fheidhmeanna trí dhá ghníomhaireacht. Feidhmítear feidhmeanna an Choimisiúin maidir le Limistéir an Fheabhail agus Chairlín trí Ghníomhaireacht na Lochanna

(a thóg uirthi féin, faoi réir a sainchúraim, na feidhmeanna a bhí mar chúram ar Choimisiún Iascaigh an Fheabhail). Forálann Comhaontú na gComhlachtaí Forfheidmithe chomh maith go ndéanfar Údarás Ginearálta na dTíthe Soilse d'oileán na hÉireann de Choimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann. Is faoi chúram Choimisinéirí Shoilse na hÉireann atá an fheidhm seo faoi láthair agus freagracht áirithe orthu i leith Roinn Iompair na Ríochta Aontaithe atá ag feidhmiú mar Iontaobhaí ar Chiste Ginearálta na dTíthe Solais. Beidh reachtaíocht de chuid na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann ag teastáil chun go ndéanfaí Údarás Ginearálta na dTíthe Solais i gcomhair oileán na hÉireann den Chomhlacht agus beidh na feidhmeanna sin le feidhmiú ag gníomhaireacht de

chuid Choimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann ar a dtugtar Gníomhaireacht na Soilse. Ach, d'aithin CATT mar sin féin ag a cruinniú iomlánach ar an 28 Meitheamh 2002, tar éis na bhforálacha i gcomhair aistriú na bhfeidhmeanna a bhíonn á bhfeidhmiú ag Coimisinéirí Shoilse na hÉireann faoi láthair a mheas, gur bhain saincheisteanna casta le haistriú dá leithéid agus d'iarr sí ar na hAíre agus ar na Ranna iomchuí, i dTuaisceart na hÉireann agus sa Deisceart, iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí malartacha ar bhonn práinne agus na moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle. Tá sé i gceist an t-ábhar seo a thabhairt ar aghaidh nuair a chuirfear an rialtas atá ar fionraí ar a chosa arís i dTuaisceart Éireann.

2.3.3 Tá Bord ag Coimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann ar a bhfuil 12 comhalta agus iad ceaptha ag CATT agus cuireann sé feidhmeanna an Chomhlachta i ndáil le limistéir an Fheabhail agus Chairlín i bhfeidhm trí Ghníomhaireacht na Lochanna. Is é an tUas. Peter Savage Cathaoirleach an Bhoird agus is é Lord Cooke of Islandreagh, an Leas-Chathaoirleach. Is é an tUas. Derick Anderson Príomhfeidhmeannach Gníomhaireacht na Lochanna. Tá liosta de chomhaltaí an Bhoird in Aguisín 5.

Gníomhaireacht na Lochanna

Feidhmeanna/Cuspóirí

2.3.4 Cuireadh feidhmeanna Choimisiún Iascaigh an Fheabhail d'fhreagracht ar Choimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann ar an 2 Nollaig 1999. Tugadh Limistéir Chairlín isteach faoi na feidhmeanna sin - "caomhnú, cosaint agus feabhsú an iascaigh i Limistéir an Fheabhail".

2.3.5 Ina theannta sin tá Coimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann freagrach tríd an nGníomhaireacht, as Loch Feabhail agus Loch Chairlín a chur chun cinn agus a fhorbairt chun críocha tráchtála agus áineasa i réimse an iascaigh mhara agus cúrsaí do bharshaothraithe, forbairt na turasoireachta mara, agus forbairt agus ceadúnú an do bharshaothraithe i Limistéir an Fheabhail agus Chairlín.

2.3.6 Tá glacadh an raon freagrachtaí go léir ag an nGníomhaireacht ag brath go bunúsach ar leasú ar an reachtaíocht phríomhúil faoina fheidhmigh Coimisiún Iascaigh an Fheabhail. Tá an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha agus an Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe i mbun ullmhúcháin ar na leasuithe cuí ar an reachtaíocht seo - Acht Iascaigh an Fheabhail, 1952 agus an Foyle Fisheries Act (Northern Ireland) 1952.

Gníomhaíochtaí

2.3.7 Leithdháil na Ranna Urra acmhainní breise i rith na bliana chun na dréachtBhillí i gcomhair leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht phríomhúil faoina bhfeidhmíonn Gníomhaireacht na Lochanna de chuid Choimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann a chomhlánú agus rinneadh dul chun cinn suntasach dá thairbhe sin. Táthar ag súil go mbeidh na dréachtaí deiridh ar fáil in 2005.

2.3.8 Chríochnaigh an Gníomhaireacht a dréachtphlean feidhmithe chomh maith i gcomhairle leis na Ranna Urra i ndáil le rialú agus ceadúnú iascach sliogach agus do bharshaothraithe sna Lochanna agus cuirfear tús le comhairliúchán leathan poiblí go luath sa bhliain 2005.

2.3.9 Léiríodh sa chomhaireamh éisc go raibh titim bheag sa bhliain 2004 i líon na mbradán fásta a bhí ag filleadh ar chóras an Fheabhail i gcomparáid le blianta beaga anuas ach cé gur minic a bhíonn éagsúlachtaí mar sin ann déanfar dianmhonatóireacht ar an iasc a bheidh ag filleadh sa bhliain 2005.

2.3.10 Cuireadh le díomá an tséasúir mar gur tharla droch-chreachadh éisc inar maraíodh breis is 700 bradán fásta, ar an tSruthail san Ómaigh í mí Lúnasa. Thug an Gníomhaireacht isteach rialachán éigeandála tar éis di dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara áitiúla slatiascaireachta agus le húnéirí iascaigh. Ba iad sin the Foyle Area and Carlingford Area (Close Seasons for Angling) (Amendment) Regulations 2004 a thug tús séasúr dúnta na Sruthaile agus na n-aibhneacha a ritheann isteach inti chun cinn ón 21ú Deireadh Fómhair go dtí 13ú Meán Fómhair.

2.3.11 Tugadh na himscrúduithe ar éagsúlacht ghéiniteach i stoc na mbradán in abhantrach an Fheabhail chun críche i rith na bliana agus tá athbhreithniú eolaíoch piara á dhéanamh orthu faoi láthair lena fhoilsiú go luath sa bhliain 2005. D'aithin an obair cheannródaíoch seo "marcóirí DNA" den chéad uair do na stoic bhradán i ngach aon cheann de na fo-abhantracha agus i gcásanna áirithe do na haibhneacha a shníonn isteach sna haibhneacha seo.

2.3.12 Leithdháileadh maoiniú i gcomhair ceithre thionscadal ar an nGníomhaireacht tríd an gClár Beartas Uisce de chuid Interreg IIIA an AE:

- Soitheach Patróil Uisce Cladaigh do Loch Cairlinn - Úsáidfidh an Gníomhaireacht an soitheach i gcomhair obair chosanta agus obair shuirbhéireachta ar Loch Cairlinn.
- Baoithe do Mhonatóireacht Teileméadrachta Uathobrithe chun monatóireacht a dhéanamh i bhforam ar uisce Loch Feabhail agus Loch Cairlinn araon. Comhpháirtíocht atá sa tionscadal seo idir An tSeirbhís Comhshaoil agus Oidhreachta, Foras na Mara, An Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus cuirfear tús leis go luath sa bhliain 2005.
- Bainfear úsáid as Aonaid Chomhdaithe & Bhraite Lipéad (Sreang) chun seach-chonair na mbradán óg a leanúint i 2005 agus chun monatóireacht a dhéanamh ar na bradáin fhásta agus iad ag fillleadh.
- Áiritheoir Éisc agus Cora na Sruthaile, An Ómaigh. Forbraíodh an tionscadal seo i gcomhpháirtíocht le Comhairle Dúiche na hÓmaí agus tá sé ar sceideal lena chríochnú faoi lár na bliana 2005.

2.3.13 I neart a chuaigh "Riverwatch" saoráid oideachais agus faisnéise na Gníomhaireachta. D'fháiltigh sí roimh an 10,000ú cuairteoir chuig an ionad sa bhliain 2004. Léiríodh an-spéis chomh maith sna tionscnaimh fhor-rochtana amhail "Adopt a Stream", "Alevin Release" agus "Hatchery in the Classroom" sna habhantracha.

2.3.14 Seo sampla de roinnt ócáidí rathúla a eagraíodh i Limistéir an Fheabhail agus Chairlín chun iascach a chur chun cinn mar chaitheamh aimsire:

- An Chéad Aonach Dhá Lá Slatiascaireachta de chuid na Gníomhaireachta;
- Féile lascaigh Mhara, Cuile agus Baoite, Chairlín;
- Féile Shlatiascaireachta na Sóisear;
- Lá Oscailte Chumann Chuiliascaireachta na hÉireann do Mhná; agus
- Cúrsa Sábháilteachta d'Iascairí Slaite.

2.3.15 Leanadh ar feadh na bliana den obair forbartha a bhain leis an Iníúchadh agus an Straitéis don Turasóireacht Mhara i gcomhpháirtíocht leis na Comhairlí Áitiúla, Grúpa Trasteorann Réigiún an Iarthuaiscirt agus Coiste Réigiúin na Teorann Thoir. Tugadh faoi chomhairliúchán forleathan agus bhreithnigh Fochoiste de Bhord na Turasóireachta Mara an dréacht deireanach faoi dheireadh na bliana agus cuirfear an dréacht faofa faoi bhráid an Bhoird go luath sa bhliain 2005 lena fhaomhadh.

2.3.16 Tá a thuilleadh eolais faoi Gníomhaireacht na Lochanna le fáil ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta www.loughs-agency.org

Earnáil na gClár Speisialta AE



Ceiliúránn Stiúrthóir INTERREG IIIA Jack O'Connor (ar clé) agus Stiúrthóir PEACE II, Shaun Henry (ar dheis) Lá na hEorpa ar Mhargadh Sheoirse, Béal Feirste

Feidhmeanna/Cuspóirí

2.4.1 Ghlac Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) freagracht sa bhliain 1999 as bainistíocht bhabhta 1994-1999 de Chláir an AE um Chistí Struchtúracha, a bhí mar chúram ar an Roinn Airgeadais agus Pearsanra sa Tuaisceart agus ar an Roinn Airgeadais sa Deisceart roimhe sin. Mar chuid den fhreagracht sin chaithfí deireadh a chur leis na Cláir sin ag tráth nár dhéanaí ná an 31 Márta 2003. Rinneadh CCSAE ina Údarás Bainistíochta ar na Cláir PEACE II agus INTERREG IIIA, agus iad freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú eilimintí Thuaidh/Theas de na Cláir eile a bhaineann le Tionscnaimh Chomhphobail (LEADER+, EQUAL agus URBAN II). Tá

freagracht ar an CCSAE chomh maith i leith monatóireacht agus cur chun cinn a dhéanamh i leith fhorfheidhmiú na ngníomhartha comhoibríthe idir an dá pháirt d'Éirinn trí théarmaí na Caibidle Comhchoitinne, atá mar chuid lárnach de Phlean Forbartha Náisiúnta na hÉireann agus de Phlean Chistí Struchtúracha Thuaisceart Éireann.

Gníomhaíochtaí

2.4.2 Ceapadh Príomhfheidhmeannach nua ar an CCSAE sa bhliain 2004, an tUasal Pat Colgan, a tháinig in áit an Phríomhfheidhmeannaigh Gníomhaigh, Ms Nuala Kerr. Tá taithí forleathan ag an bPríomhfheidhmeannach nua a bheith

ag obair leis an AE agus beidh sé ag roinnt gach a bhfuil d'eolas aige faoi chúrsaí idirnáisiúnta leis an eagraíocht. Tá Pat Colgan, mar aon leis na Stiúrthóirí eile, ag cur comhairle ó thosaigh sé sa phost, ar an Roinn Airgeadais agus an Roinn Airgeadais agus Pearsanra maidir le maoiniú a fháil ón AE sa todhchaí, lena n-áirítear síneadh a chur leis an gClár PEACE II.

2.4.3 Ba bhliain thábhachtach í 2004 don CCSAE agus do na Cláir PEACE II agus INTERREG IIIA araon.

2.4.4 D'iarr Comhairle na hEorpa ar an 18 Meitheamh 2004, ar iarraidh Phríomh-Aire na Breataine agus an Taoisigh, ar Choimisiún na hEorpa scrúdú a dhéanamh maidir le síneadh dhá bhliain a chur leis an gClár PEACE II go dtí 2006 chun é a bheith ar aon dul leis na cláir eile a bhaineann le Cistí Struchtúracha. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2004. Rinne an CCSAE a chuid trí chomhairliúcháin leathana poiblí a dhéanamh maidir leis an saghas gníomhaíochta a bheadh le maoiniú agus maidir leis na struchtúir a chaitní a chur i bhfeidhm chun síneadh a chur leis an gClár.

2.4.5 Leagadh amach spriocanna airgeadais dúshlánacha don dá chlár; maidir le INTERREG IIIA ba í sin an chéad bhliain ar iarraidh air riachtanais chaiteachais ar a dtugtar N+2 go coitianta, a chomhlíonadh. Bhí ar an gClár €44.5 milliún a chaitheamh faoi dheireadh 2004, agus i ndáiríre sháraigh an Clár an sprioc seo de €3 milliún. Bhí ar PEACE II a dhara sprioc N+2 de €366.4 milliún a bhaint amach. Baineadh an sprioc sin amach agus sáraíodh é de bheagnach €54 milliún. Ina theannta sin, faoi dheireadh 2004, bhí 97% de chistí an Chláir geallta ag PEACE II.

2.4.6 Faoi dheireadh na bliana bhí 15 cruinniú den Choiste Stiúrtha tionóla ag Clár INTERREG IIIA agus bhí 220 tionscadal, a chlúdaíonn raon leathan téamaí, agus a bhfuil luach iomlán de €145 milliún i gceist leo faofa aige. Sampla de na tionscadail seo ar tarraingíodh an-aird orthu ab ea an feachtas trasteorann a ritheadh sna meáin ar Fheasacht Dhramhaíola. Bhí páirt ag an dearthóir gairdíní Diarmuid Gavin san fheachtas seo sna meáin.

2.4.7 Choinnigh CCSAE air sa bhliain 2004 ag bunú caidreamh le tíortha eile agus le hÚdarás Bhainistithe, go háirithe leo siúd sna ballstáit nua. Thug Stiúrthóir PEACE II cuairt ar an bPolainn agus ar an Ungáir chun taithí agus saineolas a roinnt agus chuir na Stiúrthóirí eile laistigh den CCSAE grúpaí staidéir ar siúl, ar a raibh státseirbhíoch ó Mhálta, ón bPolainn, ón Lár-Oirthear agus ón Laitvia.

2.4.8 Bhí an CCSAE páirteach i Meán Fómhair 2004 i Laethanta Oscailte sa Bhruiséil, mar chuid de thionscnamh Choiste na Réigiún agus Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Pholasaí Réigiúnach. Rinneadh dhá chur i láthair poiblí inar cuireadh béim ar an tionchar a bhí ag PEACE II agus INTERREG IIIA araon i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann in Éirinn. Léirigh an ócáid seo conas mar a chuir na cláir sin le síocháin agus le hathmhuintearas mar chuid den tionscadal, agus mar a chuir siad le haghaidh a thabhairt arís ar na fadhbanna a bhíonn ag daoine a chónaíonn i réigiún na teorann.

2.4.9 Tá a thuilleadh eolais faoin CCSAE le fáil ar shuíomh gréasáin an chomhlachta www.seupb.org

An Earnáil Teanga

Feidhmeanna/Cuspóirí

2.5.1 Foras amháin is ea an Foras Teanga a thuirscionn don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, ach tá dhá ghníomhaireacht ar leith ann - Foras na Gaeilge agus an Ghníomhaireacht Ultach-Albanach / Tha Boord o Ulstèr-Scotch.

2.5.2 Tá Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge agus Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr-Scotch ina gComhchathaoirleach ar an bhForas Teanga. Tá Bord ag an bhForas ar a bhfuil 24 comhalta atá ceaptha ag CCSAE. Tá liosta de Chomhaltai an Bhoird in Aguisín 5.

Foras Na Gaeilge

Feidhmeanna/Cuspóirí

2.5.3 Tá freagracht ar an gComhlacht trí Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin.

2.5.4 Chomh maith le feidhmeanna Bhord na Gaeilge a ghlacadh uirthi féin, tugadh raon leathan feidhmeanna don ghníomhaireacht chun cur lena héifeacht i gcur chun cinn na Gaeilge. I réimse an oideachais, foclóirí agus téarmaíochta de ghlac sí freagracht an Choiste Téarmaíochta agus feidhmeanna An Gúm uirthi féin.

2.5.5 Is í Ms Maighréad Uí Mháirtín Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge agus tá 15 comhalta eile ar an mBord (féach Aguisín 5). Is é an tUasal Seosamh Mac Donncha an Príomhfheidhmeannach.

Gníomhaíochtaí

2.5.6 San áireamh leis na gníomhaíochtaí a bhí idir lámha ag Foras na Gaeilge le linn na bliana bhí:

- Maoiniú a chur ar fáil do 17 eagraíocht Ghaeilge agus oideachais ó Thuaidh agus ó Dheas, chomh maith le mórtionscadail áitiúla agus mionfhiontair;
- Scéim do thacaíocht phobail trí bliana, Scéim do Phobal na Gaeilge 2005-2007 a chruthú, a chur i bhfeidhm agus a mheas; ;
- Chuir an Foras urraíocht ar fáil do go leor tionscadal lena n-áirítear, Cluiche Ceannais na hÉireann sa Chamógaíocht i bPáirc an Chrócaigh, Féile an Phobail i mBéal Feirste agus Ros na Rún ar TG4;
- Rinne Foras na Gaeilge fógraíocht ar dhá scéim nua: (i) nuachtán seachtainiúil Gaeilge uile-oileáin, Scéim Nuachtán Seachtainiúil Gaeilge 2004-2008, agus (ii) iris uile-oileáin Ghaeilge, Scéim Iris Ghaeilge 2005-2007;
- Forbraíodh suíomh gréasáin nua Fhoras na Gaeilge, www.gaeilge.ie le linn na bliana agus seoladh go hoifigiúil é i Meán Fómhair;
- Tugadh tacaíocht agus urraíocht do níos mó ná 300 tionscadal a bhain leis na healaíona, ó fhoilseacháin go déantús scannán, ó chuideachtaí drámaíochta go féilte ealaíon, ó na healaíona traidisiúnta go mím agus puipeadóireacht, ó amhránaíocht ar an sean-nós go na hamharcealaíona;

- Leithdháileadh cúnamh deontais ar níos mó ná 25 gníomhaireacht agus tionscadal aistriúcháin a bhain le bogearraí, suímh ghréasáin agus téarmaíocht a fhorbairt;
- Chómhainigh an Foras i gcomhar le Tha Boord of Ulster-Scotch, sraith ócáidí a bhí eagraithe ag Cultúr Uladh;
- Chuir Excellence Publications a fhoilseachán Excellence Ireland, go foirmiúil faoi bhráid An Taoisigh i Meitheamh 2004;
- Voces Diversae - Comhdháil Idirnáisiúnta ar theagasc mionteangacha. Tionóladh an Chomhdháil idir an 22-24 Aibreán 2004. D'fhreastail níos mó ná 100 ionadaí as gach cearn den domhan ar an gcomhdháil. B'as tíortha nua an AE roinnt de na hionadaithe seo;
- Cuireadh maoiniú ar fáil, i gcomhar leis an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann, chun oifigeach a fhostú sa CCEA chun an curaclam nua feabhsaithe a chur in oiriúint don earnáil a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge;
- Cuireadh maoiniú ar fáil do na Palace Stables in Ard Mhacha chun leagan Gaeilge a chur ar an gcosán dúlra agus ar na hábhair a bhain leis le húsáid i scoileanna Gaeilge;
- Bhunaigh Foras na Gaeilge, i gcomhar le hlontaobhas na Gaelscolaíochta ciste oiliúna chun cabhair a thabhairt do na daoine a bhíonn ag obair i naíonraí i dTuaisceart Éireann a nGaeilge a fheabhsú;
- Coinníodh ag cur maoinithe ar fáil, i gcomhar leis an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann, do Chomhairle na Gaelscolaíochta chun cabhair a thabhairt di a Plean Forbartha Straitéiseach a chur i bhfeidhm;
- Leanadh den mhaoiniú a thugtar don Áisaonad, atá bunaithe i gColáiste na hOllscoile, Naomh Mhuire, chun acmhainní a chur ar fáil do na hearnálacha a

bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge i dTuaisceart Éireann;

- Cuireadh níos mó ná 60 foilseachán, idir fhoilseacháin chlóbhuailte agus dhigiteacha, ar fáil i réimse na dtéacsleabhar bunscolaíochta agus meánscolaíochta;
- Cuireadh Raon ábhar don chúrsa comhtháite do na Naíonáin Mhóra ar fáil mar chuid den tionscnamh bunscoile, Séideán Sí;

An Earnáil Teanga

- Dlúthdhiosca téarmaíochta le háis chuardaigh curtha ar fáil ina bhfuil foclóirí téarmaíochta atá údaraithe go hiomlán ag an gCoiste Téarmaíochta. Tá naoi sainréimse eolais le fáil ann;

- Pléadh níos mó ná 3,500 fiosrúchán téarmaíochta, agus deimhníodh 1,450 téarma nó abairtín téarmaíochta nua agus foilsíodh iad san iris mhíosúil, Comhar.
- Críoch curtha le Céim a hAon de Thionscadal an Fhoclóra Béarla-Gaeilge agus tá tús curtha leis an bpróiseas tairisceana i gcomhair Céim a Dó; agus

2.5.7 Tá a thuilleadh eolais le fáil faoi Fhoras na Gaeilge ar a shuíomh gréasáin www.forasnagaeilge.ie



Is é James Fenton, file agus údar, urlabhraí aitheanta na hUltaise, an 'hamely tongue' mar a ghlaonn sé féin uirthi. Tá sé ina sheasamh agus a chúl aige le Sliabh Mis i gContae Aontrama - contae a luann sé go minic ina chuid filíochta.

Tha Boord o Ulstèr-Scotch

An Gníomhaireacht Ultach-Albanach

Feidhmeanna/Cuspóirí

2.5.8 Tá freagracht ar Tha Boord o Ulstèr-Scotch eolas níos fearr ar Ultais agus úsáid Ultaise agus saincheistean faoin gcultúr Ultach-Albanach a chur chun cinn, i dTuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.

Gníomhaíochtaí

2.5.9 Ba é Lord Laird of Artigarvan Cathaoirleach na Gníomhaireachta go dtí gur éirigh sé as ar an 23 Aibreán 2004. D'fheidhmigh an tUasal Jim Devenney, comhalta den Bhord, mar Phríomhfheidhmeannach Gníomhach ar feadh an chuid eile den bhliain. Tá 6 comhalta eile ar Bhord an Fhorais (féach Aguisín 5) atá freagrach, i gcomhar leis an gCathaoirleach, as feidhmeanna an Fhorais trí mheán Tha Boord o Ulstèr-Scotch. Is é an tUasal George Patton Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta.

2.5.10 Tá Plean Gnó 2004 Tha Boord o Ulstèr-Scotch de réir a Phlean Chorpáidigh 2002-04 agus é mar aidhm aige Ráiteas Misín na Gníomhaireachta "staidéar, caomhnú, forbairt agus úsáid na hUltaise a chur chun cinn mar theanga bheo, réimse iomlán an chultúir a bhaineann léi a spreagadh agus a fhorbairt, agus tuiscint ar stair na nUltach-Albanach a chur chun cinn" a chomhlíonadh. Chun é sin a chur i gcrích, tapaíonn an Gníomhaireacht an deis teanga, cultúr agus stair na nUltach-Albanach a chur chun cinn.

2.5.11 Leanann an Gníomhaireacht de bheith ag díriú ar cheithre théama straitéiseacha:

- Forbairt Theangeolaíoch
- Cultúr;
- Oideachas; agus
- Tuiscint an Phobail ar shaincheistean ar an Ultais a mhéadú.

2.5.12 Tugann an Plean Gnó míniú ar an gclár oibre atá leagtha amach chun na téamaí sin a chur i bhfeidhm agus tugann sé cuntas ar na hacmhainní, na cuspóirí, na seirbhísí, na spriocanna agus na torthaí.

2.5.13 Lean an obair, sa bhliain 2004 ar ábhar a chur ar fáil do Thionscadal Teanga na Bunscolaíochta, na Meánscolaíochta agus an Aosoideachais. Bunaíodh Aonad Forbartha do Churaclam na hUltaise ag Sruthán Milis i mbliana freisin agus chuir an Gníomhaireacht tacaíocht airgeadais ar fáil d'Oifigeach Taighde an Aonaid seo.

2.5.14 Tá an Gníomhaireacht fós ag comhlíonadh a sainchúraim maidir le tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do raon leathan grúpaí pobail a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí Ultacha-Albanacha. Is tríd a scéim deontais a dhéantar é sin agus sa bhliain 2004 thairg an Gníomhaireacht 200 deontas san iomlán do 133 grúpa. Ba £664 míle iomlán na ndeontas sin. Chuir an Gníomhaireacht tacaíocht airgeadais ar fáil chomh maith trína scéim urraíochta don Eagle's Wing Production agus don Maiden City Festival.

2.5.15 Bhí tionchar dearfach ag táirgeadh agus forbairt nuachtán na nUltach-Albanach agus na mbileog eolais, a cuireadh ar fáil go leanúnach, faoi dhaoine agus faoi ócáidí a bhain le stair na nUltach-Albanach ar phlean straitéiseach na Gníomhaireachta maidir le feasacht an phobail a mhéadú.

2.5.16 Lean an Gníomhaireacht ar feadh na bliana 2004 den mhaoiniú don Institute of Ulster-Scots Studies in Ollscoil Uladh agus don Ulster-Scots Heritage Council.

2.5.17 D'fhostaigh an Gníomhaireacht Oifigeach Forbartha do chontaetha thiar Thuaisceart Éireann agus do chontaetha Mhuineacháin, an Chabháin agus Dhún na nGall sa bhliain 2004. Cé go gcuirtear fáilte roimh an bhforbairt sin is cóir buíochas a ghabháil le gach ball den fhoireann a rinne cinnte gur choinnigh an Gníomhaireacht uirthi ag forbairt a polasaithe, a nósanna imeachta agus a seirbhísí.

2.5.18 Tá a thuilleadh eolais faoin nGníomhaireacht Ultach-Albanach le fáil ar an suíomh gréasáin www.ulsterscotsagency.com.

An Earnáil Uiscebhealaí Intíre



Dúshlán Canúna na gCluichí Oilimpeacha Speisialta ar Abhainn na Banna Íochtair.

Uiscebhealaí Éireann

Feidhmeanna/Cuspóirí

2.6.1 Is é príomhfheidhm Uiscebhealaí Éireann córais uiscebhealaí intíre ar fud an oileáin, atá sonraithe agus inseolta a bhainistiú, a chothabháil, a fhorbairt agus a athchóiriú chun go bhféadfaí úsáid a bhaint astu sa chéad dul síos ar mhaithe le caitheamh aimsire. Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as na córais inseolta a shonraítear in alt 2.6.2, a bhí faoi chúram na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta sa Deisceart agus na Roinne Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe i dTuaisceart Éireann roimhe seo.

2.6.2 Is iad seo a leanas na córais dá dtagraítear thuas - Uiscebhealach na Sionainne - na hÉirne, Córas na hÉirne, An Chanáil Mhór, Uiscebhealach na Bearú, Uiscebhealach na Banna Íochtair, An Chanáil Ríoga, agus Uiscebhealach na Sionainne.

2.6.3 Tá sé de chúram ar Uiscebhealaí Éireann chomh maith staidéir agus breithmheasanna a thabhairt chun cinn i ndáil leis an athchóiriú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Chanáil Uladh.

2.6.4 Beidh trí rannán réigiúnacha den Chomhlacht ann: Réigiún an Tuaiscirt, Réigiún an Oirthir agus Réigiún an Iarthair.

2.6.5 Is é an tUasal John Martin Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann.

Gníomhaíochtaí

2.6.6 Ba bhliain an-rathúil an-ghnóthach ab 2004 ó thaobh feidhmiúcháin de de bharr go raibh an iliomad tionscadal á gcríochnú ar na 7 n-uiscebhealach atá faoi shainchúram Uiscebhealaí Éireann. Ina theannta sin, cuireadh go suntasach le planáil agus dearadh tionscadal i gcomhair 2005 nuair a cuireadh isteach conarthaí tógála do líon áirithe droichead

agus cuireadh bailchríoch ar dhearadh mhionsonraithe d'fheistithe agus d'áiseanna. Is samplaí iad seo a leanas ar an obair a rinne Uiscebhealaí Éireann sa bhliain 2004:

- Cothaíodh agus uasghrádaíodh infreastructúr an uiscebhealaigh agus na comharthaí canála ar **Uiscebhealach na Banna Íochtair**;
- Tosaíodh ar an obair chun lamairní nua ar snámh a chur in áit na seanlamairní ag 5 láthair i gContae Fhear Manach, ar **Chóras na hÉirne**. Chosain an obair thart ar £615,000;
- Críochnaíodh oibreacha chun bruach na habhann a chosaint agus bóthar nua a dhéanamh isteach chuig Mullach an Bháire, i gContae an Chabháin, ar **Uiscebhealach na Sionainne - na hÉirne** agus tosaíodh ar lamairne nua a dhéanamh chun teacht i dtír ag Loc 4;
- Críochnaíodh móroibreacha ar **Uiscebhealach na Sionainne**.
- Chuir an tionscadal forbartha €1.5 milliún ag Béal Átha Liag, Contae Ros Comáin, lamairne nua ar snámh sa bhreis ar fáil do suas le 32 soitheach. Chuir sé sin leis na seirbhísí a bhí ann do bhádóirí .i. soláthar cumhachta agus uisce, agus áiseanna taosctha. Críochnaíodh mórforbairtí chomh maith ag Caladh na Scairbhe i gContae an Chláir agus cuireadh tús agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar fhorbairtí i nGarraí Uí Chinnéide i gContae Thiobhraid Árann agus sa Chlochrean-Mór i gContae Liatroma;
- Cuireadh isteach lamairní nua slándála in Abhantrach na Canála Móire, ag an Rinn i mBaile Átha Cliath agus cuireadh áiseanna ancaire ar fáil do suas le 55 soitheach. Táthar ag súil go dtarlóidh athbheochan ar uiscebhealaí Bhaile Átha Cliath de bharr na n-áiseanna nua seo a chosain geall le €600,000; agus
- Críochnaíodh oibreacha móra ar an gCanáil Ríoga mar chuid den atógáil. Bronnadh conarthaí do thógáil Droichead Webb, Mainistir Shruthla agus droichead Bhord na Móna tar éis faomhadh a fháil maidir lena bpleanáil agus lena ndearadh.

2.6.7 Sheol an tAire Éamon Ó Cuív, T.D., Straitéis Margaíochta agus Cur Chun Cinn Uiscebhealaí Éireann i mí Meitheamh 2004. Is obair dhá bhliain ar phróiseas foirmlithe, taighde agus comhairliúcháin í an Straitéis agus molann sí ról réamhghníomhach d'Uiscebhealaí Éireann lena mbainfeadh na cuspóirí seo a leanas:


- Feasacht a chur chun cinn;
- branda le haghaidh Uiscebhealaí Éireann a chruthú;
- Breis úsáide a bhaint as na huiscebhealaí;
- Dul i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí eile;
- Ardán i gcomhair Forbairt margaíochta inbhuanaitheach a chruthú.

2.6.8 Cé gur seoladh an Straitéis go hoifigiúil i Meitheamh tosaíodh ag cur na mbeartaíochtaí éagsúla a ndéantar cur síos orthu sa Straitéis, i bhfeidhm i mí Eanáir. Mar shampla, i samhradh na bliana 2004 cuireadh tús le taighde bonnlíne margaíochta ar phróifíl agus ar ghníomhaíochtaí úsáideoirí na n-uiscebhealaí, eagraíodh sraith cuairteanna chun go bhfaigheadh lucht na meán cumarsáide taithí ar na huiscebhealaí, cuireadh tús le clár urraíochta d'ócáidí ar na huiscebhealaí, críochnaíodh clár faisnéise agus scaipeadh ábhar fógraíochta ar 8,000 úsáideoir uiscebhealaí, rinneadh freastal ar aontaí éagsúla trádála agus tomhaltóra, reáchtáladh comhghníomhaíochtaí poiblíochta agus cuireadh líon áirithe foilseachán breise i dtoll a chéile lena n-áirítear lámhleabhar fáilteachais agus lámhleabhar ar dhea-chleachtas bádóireachta.

2.6.9 Sa bhliain 2004, tosaigh Uiscebhealaí Éireann ag feidhmiú a Straitéise um Sheirbhís Bhreisithe don Chustaiméir. Tiomnaíonn an Straitéis an eagraíocht i leith feabhas seirbhíse inter-alia agus éilíonn sí go gcaitear leis an gcustaiméir go cúirtéiseach agus go measúil. Chomh maith leis sin forbraíodh mionChóid Chleachtas um Ardchaidéir Cúraim do Chustaiméirí agus Nósanna Imeachta chun Deileáil le Gearáin ó Chustaiméirí. Cuireadh tús chomh maith le hoiliúint a chur ar an bhfoireann uile maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí sa bhliain 2004.

2.6.10 Tá a thuilleadh eolais faoi Uiscebhealaí Éireann le fáil ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta www.waterwaysireland.org

An Earnáil Turasóireachta



Tourism Ireland

2.7.1 Déanann an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas maoirseacht ar obair Tourism Ireland. Is cuideachta phoiblí theoranta í Tourism Ireland atá freagrach as margáiocht a dhéanamh thar sáile ar oileán na hÉireann mar cheann scribe do thurasóirí. Tá 12 comhalta ceaptha ag CATT ar Bhord na Cuideachta (féach Agusín 5). Is é an tUas. Andrew Coppel Cathaoirleach na Cuideachta agus is í Ms. Ann Riordan an Leas-Chathaoirleach. Is é An tUas. Paul O'Toole an Príomhfheidhmeannach.

Gníomhaíochtaí

2.7.2 Bhain sciorta den ádh agus den mhí-ádh le 2004 san earnáil turasóireachta. Ba 7.8 milliún an sprioc a bhí leagtha amach don líon na gcuariteoirí chuig an oileán agus meastar gur 7.6 milliún líon na gcuariteoirí a tháinig. Is léir ón gclaonadh taistil atá á thaispeáint ag custaiméirí in 2004 go raibh tionchar an-soiléir ag na tubaistí seachtracha domhanda orthu...tubaistí amhail an galar Crúb agus Béil, na heachtraí uafásacha a tharla ar an 11ú Meán Fómhair, an cogadh san Iaráic agus SARS. Thug an custaiméir tús áite i mbliana do na nithe seo a leanas: turais níos giorra agus níos minicí leaba laethanta saoire traidisiúnta, taisteal níos saoire san aer i leaba taisteal ar farraige, sosanna sna cathracha i leaba

sosanna faoin tuath agus an tóir dhomhanda ar 'luach ar airgead' agus ar thairiscintí speisialta.

2.7.3 D'ainneoin sin, d'éirigh níos fearr le hoileán na hÉireann ó thaobh na turasóireachta de ná mar a d'éirigh le go leor de na tíortha a bheadh in iomaíocht léi. Aithníodh líon áirithe saincheisteanna straitéiseacha sa bhliain 2004 a chuirfeadh isteach ar thodhchaí turasóireachta oileán na hÉireann agus táthar ag cur Pleananna Gnímh i bhfeidhm chun na háiteanna ar an oileán atá ag feidhmiú go maith a neartú agus chun tabhairt faoi cheisteanna a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu ar ghníomhú na turasóireachta sa todhchaí.

2.7.4 Is ón mBreatain Mhór a thagann 63% de na cuairteoirí a thagann go dtí an t-oileán agus táthar ag siúl go bhfanfaidh an figiúr mar sin do 2004. Táthar ag súil go dtiocfaidh forás 8% agus 22% faoi seach ar mhargadh Mheiriceá Thuaidh agus ar mhargaí Nua agus orthu sin atá i mbéal a bhforbartha. Táthar ag súil go dtiocfaidh forás de 6% ar mhargadh Mhór-Roinn na hEorpa de bharr an bhortha atá ag teacht faoi mhargadh na Spáinne agus na hIodáil.

2.7.5 Ba léir i rith na bliana go mbeadh dúshlán ag baint le daingniú an fhoráis ar na príomh-mhargaí. Chuir Tourism Ireland i gcomhar leis an tionscal ar oileán na hÉireann agus leis na margáí rompu dá dheasca, athbhreithnithe móra straitéiseacha a dhéanamh ar mhargadh na Breataine Móire agus na hEorpa chun na hathruithe sa phatrún agus sna riachtanais a bhíonn acu siúd a théann ar laethanta saoire a mheas agus chun an réiteach atá ag teastáil a aithint.

2.7.6 Tháinig an líon ab airde fós de thurasóirí agus de chuairteoirí ón iasacht ar saoire go Tuaisceart Éireann sa bhliain 2004. Leanfaidh Tourism Ireland ag tacú le Tuaisceart Éireann chun sárchumas a bhaint amach agus leanúint den rathúlacht a bhí aici le blianta beaga anuas. Tá fianaise den tiomantas seo le fáil inár gclár oibríochtaí margáiochta agus sa sainchlár poiblíochta do Thuaisceart Éireann. Déantar go leor de na cláir sin i gcomhar le Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann.

2.7.7 Chaith Tourism Ireland €55/£38 milliún san iomlán in

2004 ar mhargaíochta a dhéanamh ar oileán na hÉireann thar sáile. Chuir an 17 oifig margáiochta atá ag Tourism Ireland thar sáile raon leathan de ghníomhaíochtaí margáiochta os cionn an líne agus faoin líne rompu. D'úsáid Tourism Ireland na huirlisí margáiochta atá ar fáil chun é sin a dhéanamh agus cuireadh gach aon ghníomhaíocht in oiriúint do gach aon mhargadh.

2.7.8 San áireamh le gníomhaíochtaí os cionn an líne bhí feachtas fógraíochta domhanda, lena n-áirítear an teilifís, ábhar i gcló agus raidió, na meáin allamuigh agus ar líne; agus áirítear le gníomhaíochtaí faoin líne feachtais mhargaíochta dhíreacha, fógraíocht ar láthair ag taispeántais suime speisialta agus laethanta saoire do príomheagraíochtaí trádála agus do chustaiméirí, agus turais d'oibreoirí turais idirnáisiúnta lena gcur ar an eolas faoi oileán na hÉireann. Eagraíodh feachtas leathan poiblíochta a thug iriseoirí ó gach cearn den domhan chuig an oileán ionas go mbeadh siad féin ábalta an tairbhe a bhain le laethanta saoire ar an oileán a mheas dóibh féin.

2.7.9 Samplaí sonracha is ea iad seo a leanas dár ngníomhaíochtaí margáiochta sa bhliain 2004:

- D'eagraigh Tourism Ireland GB a gcuart do 350 iriseoir, ghlac sé páirt i 54 taispeántas trádála agus tomhaltóra;
- Cuireadh 2.5 milliún leabhar faoin Margadh (14 eagrán i 10 dteanga) i gcló agus áirítear orthu sin, den chéad uair riamh, eagrán sa tSín agus san Eabhras;
- Dhéileáil ár nIonad Teagmhála do Chustaiméirí le 155,677 glao agus le 154,942 ríomhphost;
- Ghlac 2,000 gníomhaire taistil páirt i gclár foghlama ar líne na hÉireann san Ísiltír, agus thug 5,000 duine cuairt ar aonach custaiméara a bhí tiomnaithe d'Éirinn;
- Cuireadh agallaimh ar 12,000 custaiméir ón iasacht - custaiméirí as na margáí is mó a ndíríonn Éire orthu - mar pháirt den iliomad clár taighde a reáchtálar; agus

- Rinne Tourism Ireland coimisiúnú ar an gclár cáilíochtúil ba mhó taighde dá ndearnadh riamh ar mhargadh na Breataine Móire ar son thionscal turasóireachta na hÉireann.

2.7.10 Lean Tourism Ireland ag díriú formhór a acmhainní ar an mBreatain Mhór, ar Stáit Aontaithe Mheiriceá, ar an bhFrainc agus ar an nGearmáin. Chomh maith le bheith ag díriú ar phríomhghníomhaíochtaí margaíochta d'aithin Tourism Ireland chomh maith, deighleáin nua sna margaí sin nuair a bhain sé úsáid as cur chuige bunaithe ar dheighleán na riachtanas.

2.7.11 Roghnaíodh JWT/Mindshare, tar éis próiseas iomaíochta, chun riachtanais fógraíochta agus cumarsáide margaíochta Tourism Ireland a láimhseáil ar feadh na gceithre bliana ó 2006 ar aghaidh. Oibreoidh JWT/Mindshare le Tourism Ireland in 2005 chun clár nua fógraíochta agus cumarsáide margaíochta a chur le chéile chun staidéar a dhéanamh ar na hathruithe atá tagtha ar phatrúin agus ar riachtanais chustaiméirí ar laethanta saoire agus chun réiteach a fháil orthu.

2.7.12 D'oscail an tAire O'Donoghue ceanncheathrú nua Chríocha Lochlann i gCópánhavan i mí Deireadh Fómhair agus osclaíodh ionad tacaíochta nua Margaíochta agus Teicneolaíochta den dearadh is déanaí i gCúl Raithin.

2.7.13 Ullmhaíodh plean nua corparáideach 2005-2007 inar leag Tourism Ireland pleananna agus spriocanna uaillmhianacha amach inar díriodh ar líon na gcúairteoirí chuig an oileán go léir a ardú faoi 5.1% in 2005.

2.7.14 Bunaíodh aonad nua ríomh-mhargáíochta ag a bhfuil suíomh gréasáin agus ábaltachtaí ríomh-mhargáíochta den scoth dírithe ar an gcustaiméir chun a chinntiú go bhfuil oileán na hÉireann mar cheannródaí margaíochta ar líne.

2.7.15 Lean Tourism Ireland dá obair mhór i gcomhar le húdaráis aerfort, iompróirí agus gníomhaireachtaí amhail Route Development Northern Ireland, agus eile, chun seirbhísí nua riachtanacha aer a mhealladh go dtí oileán na hÉireann agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Tharla leathnú

mór sa bhliain 2004 sa rochtain aer ón mBreatain Mhór, ó mhór-roinn na hEorpa agus ó Mheiriceá Thuaidh go dtí an t-oileán. Chuir Ciste Margaíochta um Fhorbairt Aer-Rochtana Tourism Ireland tacaíocht chomhoibritheach margaíochta ar fáil inár mbunmhargaí le haghaidh go leor de na seirbhísí nua. Ceapadh bainisteoir a bheadh freagrach as Forbairt Rochtana.

2.7.16 Lean Tourism Ireland dá obair chun ugach a thabhairt do thuilleadh cuairteoirí taisteal ar na báid farantóireachta do ghluaiseáin. Seoladh bróisiúr nua i gcomhair Turais i nGluaiseáin ar mhargadh na Breataine Móire agus forbrófar an ghníomhaíocht seo go mór in 2005. Léiríonn taighde go bhfuil sé de nós ag cuairteoirí a thagann go dtí an t-oileán ina ngluaiseáin féin fanacht níos faide, go gcaitheann siad níos mó airgid agus go bhfuil sé de nós acu taisteal thart ar an oileán agus níos mó den tír a fheiceáil.

2.7.17 Tugadh faoi athbhreithniú san eagraíocht chun a chinntiú go bhfuil Tourism Ireland ullamh le haghaidh a thabhairt ar a cuspóirí don todhchaí.

2.7.18 Leanfaidh Tourism Ireland sa bhliain 2005 de bheith ag comhoibriú leis an tionscal chun táirge turasóireachta oileán na hÉireann a dháileadh ar chustaiméirí nua trí mheáin traidisiúnta agus trí mheáin nua ar líne.

2.7.19 Tá a thuilleadh eolais faoi Tourism Ireland le fáil ar shuíomh gréasáin na cuideachta www.tourismireland.com

An Earnáil Oideachais

2.8.1 Comhaontaíodh go ndéanadh CATT breithniú tosaigh ar na gnéithe seo a leanas mar chuid den chomhoibriú Thuaidh/Theas maidir le hOideachas: oideachas do ghasúir ag a bhfuil riachtanais speisialta; tearcghnóthachtáil san oideachas; cáilíochtaí múinteoirí; agus babhtáil scoláirí, ógánach agus múinteoirí.

Gníomhaíochtaí

Feadhnacht Babhtála Thuaidh/Theas

2.8.2 Sa bhliain 2004 rinne an Fheadhnacht coimisiúnú ar 2 mhórshaothar taighde chun na gníomhaíochtaí babhtála reatha Thuaidh/Theas a fháil amach agus chun bearnaí agus bacanna maidir leis na gníomhaíochtaí sin a aithint. Cuireadh bailchríoch ar dhréacht-thuarascálacha taighde ag deireadh na bliana agus bhíodas ag súil iad a fhoilsiú in earrach na bliana 2005. Ceapadh Bainisteoir ar an bhFeadhnacht chomh maith.

Acmhainní Disléicse

2.8.3 Cuireadh CD/DVD ROM agus fístéip ar Dhisléicse, atá cosúil leo siúd a chuirtear ar fáil do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí maidir le hUathachas, i dtoll a chéile agus cuireadh amach chuig scoileanna iad i bhfómhar na bliana 2004.

Clár Babhtála Trasteorann d'Oibrithe Gairmiúla i Réimse na Riachtanas Speisialta san Oideachas

2.8.4 Cuireann an Clár seo ar chumas daoine gairmiúla a oibríonn i réimse an oideachais i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha teorann na hÉireann páirt a ghlacadh i mbabhtáil bunaithe ar na téamaí seo a leanas: Uathachas, Disléicse agus cuimsiú daoine óga atá ar an imeall.

Aoisliúntas do Mhúinteoirí

2.8.5 Lean an Comhghrúpa Oibre Thuaidh/Theas dá bhreithniú ar aoisliúntas do mhúinteoirí ach bhí teorann leis

an dul chun cinn praiticiúil a rinneadh d'uireasa fóraim níos leithne san earnáil phoiblí.

Cáilíochtaí Múinteora

2.8.6 Dhírigh na cainteanna deireanacha a bhí ar siúl ar an riachtanas go mbíonn ar mhúinteoirí a bhogann go dtí an Deisceart staidéar agus scrúdú scríofa a dhéanamh ar Stair agus Structúr Chóras Oideachais na hÉireann. Tá an Chomhairle Chláirúcháin ag déanamh a machnaimh ar an gceist agus déanfar an bealach chun cinn a phlé ag an gcéad chruinniú eile den Ghrúpa.

Grúpa Oibre ar Litearthacht / Uimhearthacht

2.8.7 Tá comhoibriú ar siúl sna réimsí seo a leanas:

- Tá an Roinn Oideachais (RO) ag roinnt ábhar i gcomhair múinteoirí matamaitice lena gcomhghleacaithe sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE);
- tá comhthionscadal taighde ar bun ar nósanna léitheoireachta leanaí;
- chuir Bord Leabharlann agus Oideachais Bhéal Feirste cóip ar mheasúnú ar an tionscadal píolótach 'Curaclam Saibhríthe' ar fáil dá gcomhghleacaithe sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta; agus
- Tugadh cuireadh do chomhghleacaithe ROE páirt a ghlacadh i scoil samhraidh RTU ar mhatamaitic.

An Clár AE Peace II

2.8.8 Cuireadh beartas 5.5 den Chlár PEACE II, ag a bhfuil leithdháileadh iomlán de €5 milliún, i bhfeidhm go hiomlán agus tugadh tacaíocht do 14 tionscadal trasteorann.

Grúpa Oibre i dtaobh Tinreamh Scoláirí/ Scoláirí a choinneáil ar Scoil

2.8.9 Is iad seo a leanas na trí phríomhréimse i gcomhair obair forbartha:

- Scéim Theagmhála Baile/Scoile/ an Phobail (STBSP) - forbraíodh an scéim seo sa Deisceart chun tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus do scoláirí i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus tá sí i bhfeidhm mar scéim phiolótach i dhá limistéar den Bhord Leabharlann agus Oideachais i dTuaisceart Éireann;
- Tinreamh Scoile a Chur Chun Cinn i mBunscoileanna - táthar ag cur pacáiste ábhar a bheadh in úsáid i mbunscoileanna sa dá dhlínse i dtoll a chéile; agus
- Déanfar scrúdú ar chomhoibriú idir an Bord Náisiúnta um Leasa Oideachais sa Deisceart agus an tSeirbhís Leasa Oideachais i dTuaisceart Éireann i dtaobh réimsí a rachadh chun leasa an dá dhlínse de réir nuair a bheidh an Bord réitithe níos fearr faoina chomhair.

Ionad Uathachais Choilidh Chanannáin

2.8.10 Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Oideachais Ionad Uathachais Choilidh Chanannáin (Gabháltais) Teo i Meitheamh 2004 chun an tIonad Ollíúna d'Ógánaigh, Ionad Sheosaimh, a bhí ann a cheannach don dá Roinn. Dheimhnigh an bheirt Airí a shuntasáí is a bhí an ceannachán seo ag seoladh oifigiúil an Ionaid ar an 14 Meán Fómhair 2004. Tá meastóireacht leanúnach ar bun maidir le hathchóiriú mór a dhéanamh ar an suíomh agus maidir le socruithe faoin struchtúr bainistíochta agus eagraíochta san Ionad ó lá go lá.

An Earnáil Talmhaíochta

2.9.1 Comhaontaíodh go ndéanfadh CATT breithniú tosaigh ar na gnéithe seo a leanas mar chuid den chomhoibriú Thuaidh/Theas maidir le Talmhaíocht: saincheisteanna a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CAP), taighde agus polasáí ar Shláinte ainmhithe agus plandaí agus forbairt tuaithe.

Gníomhaíochtaí

2.9.2 Rinne na Ranna Talmhaíochta dul chun cinn maidir le forbairt Straitéise Uile-Oileáin ar Shláinte agus Leasa Ainmhithe sa bhliain 2004. Mar chuid de sin tugadh polasaithe sláinte agus leasa ainmhithe an Tuaiscirt agus an Deiscirt le chéile agus forbraíodh comhstraitéis chun déileáil le galar ainmhithe. Bhuail na hAirí le chéile sa bhliain 2004 agus tugadh suntas don dul chun cinn agus d'iarr siad go lorgófaí tuairimí na bpáirtithe leasmhara de réir mar a bhí an Straitéis Uile-Oileáin á forbairt.

- Tá naoi ngrúpa oibre polasáí ag obair ar thionscnaimh éagsúla a thabhairt chun cinn. Áirítear ar na príomhghnóthachtálacha go dáta forbairt de chur chuige comhlántach maidir le cosc a chur ar ghalair ainmhithe, polasaithe ar an Scráibeach a nascadh, agus comhordú agus comhoibriú a neartú maidir le saincheisteanna a bhaineann le planáil theagmhasach, le Galar na Bó Mire agus le calaois trasteorann. Táthar ag leanúint den obair ar raon leathan de shaincheisteanna eile lena n-áirítear aithint agus inrianaitheacht ainmhithe, faire ar ghalair, leasa ainmhithe, ailíniú na gclár tástála galair agus bithshláindáil;
- Tionóladh dhá chruinniú (Meitheamh agus Deireadh Fómhair), le linn 2004 den Ghrúpa Idirchaidrimh ar Shláinte Plandaí de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Bia (RTB) agus de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe (RTFT). Dhírigh na cainteanna ar lotnaidí agus ar ghalair éagsúla plandaí amháil *Phytophthora Ramorum* (Lot tobann na gCrann Darach), Borrlabhaidh na bPrátaí, Dúchan tine agus *Diabrotica* (Préamhphéist Arbhair an Iarthair), ar a bhfairsinge sa dá dhlínse agus na socruithe atá i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt ina n-aghaidh.

Aontaíodh go huile go raibh gá le comhoibriú dlúth chun sainghalair/lotnaidí a chosc, a chur faoi smacht agus a scriosadh, go háirithe Lot tobann na gCrann Darach agus Préamhphéist Arbhair an Iarthair;

- Cuireadh béim ar thaighde plandaí mar réimse príomha don chomhoibriú de bharr go rachaidh comhordú agus rialachas ar shláinte plandaí chun tairbhe an oileáin go léir agus go bhfuil an-tábhacht leis;
- D'aontaigh an Grúpa Idirchaidrimh le foghrúpa a bhunú ar a mbeadh oifigigh iomchuí ón RTB agus ón RTFT chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le cur chuige comónta maidir le Suirbhéanna ar Shláinte Plandaí;
- Malartaíodh Plean Teagmhasach RTFT ar Theagmhais Chinniúnacha ar Lotnaidí /Sláinte Plandaí agus Pleananna Éigeandála RTB ar Bhorrlabhaidh agus ar Dhonnlobhadh; agus
- Chuaigh an dá dhlínse i gcomhar le chéile freisin maidir le saincheisteanna a bhain le hAthchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP) agus le fuinneamh in-athnuaite.

An Coiste Stiúrtha ar Fhorbairt Tuaithe Trasteorann (CSFTT).

2.9.3 Bhuail an Coiste Stiúrtha ar Fhorbairt Tuaithe Trasteorann, ar a bhfuil ionadaithe ó RTFT Thuaisceart Éireann, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG), Éire, Comhrúnaireacht na CATT agus Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) le chéile ar an 5 Deireadh Fómhair 2004.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh ar raon de Bheartais Trasteorann AE lena n-áirítear:

- **INTERREG IIIA - Tionscnamh Tuaithe** Ba thréimhse 3 mhí, a thosaigh i Lúnasa 2003, a bhí ann i gcomhair iarratais a chur isteach don Bheartas Tuaithe agus fuarthas 18 n-iarratas. Táthar ag súil go n-athosclofar an Beartas arís i gcomhair iarratas go luath sa bhliain 2005;

- **PEACE II - Beartas 5.6A (Comhoibriú i dtaobh Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe:** Forbairt Phobail Trasteorann) D'fhaomh an Coiste Stiúrtha iarratas ó Ghlor Tuaithe an Tuaiscirt agus an Deiscirt [Líonra Pobail Tuaithe i dTuaisceart Éireann agus Nasc Tuaithe na hÉireann (Éire)] anuraidh. Tá an tionscadal bunaithe i gCarraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin agus tá foireann ceaptha dó. Tá sé ag próiseáil iarratas ó phobail trasteorann chun comhoibriú lena chéile chun inniúlacht phobail agus bonneagair/inniúlacht a fheabhsú;
- **PEACE II - Beartas 5.6B (Tionscadail in Éagsúlú Trasteorann)** Tá sé mar aidhm ag an mBeartas seo athmhuintearas trasteorann agus trasphobail agus cuimsiú sóisialta a dhaingniú chomh maith leis an ngeilleagar tuaithe a bhreisiú trí thionscadail éagsúlaithe talmhaíochta ar bhonn trasteorann a fhorbairt. Glacadh le dhá iarratas ón gcéad ghlaó ar iarratais;

- **LEADER +** Faoi Ghníomh 2 (Trasnáisiúnta) meastar go nglacfaidh gach ceann den 12 Ghrúpa Gnímh de Leader atá i dTuaisceart Éireann páirt i dtionscadail chomhoibrítheacha i gcomhar le heagraíochtaí dá leithéid in Éirinn; agus
- **STADÉIR THRASTEORANN.** Rinne an Coiste Stiúrtha coimisiúnú, mar chuid dá chuid oibre, ar dhá staidéar in 2001 i ndáil le comhoibriú idir phobail tuaithe thrasteorann agus le hoideachas, oiliúint agus taighde trasteorann san fhorbairt tuaithe. Tá an obair sin ar siúl fós.

An Earnáil Comhshaoil

2.10.1 Comhaontaidh go ndéanfaidh CATT breithniú tosaigh ar na gnéithe seo a leanas mar chuid den chomhoibriú Thuaidh/Theas maidir leis an gComhshaoil: bainistíocht ar chaighdeán an uisce, bainistíocht dramhaíola i gcomhthéacs trasteorann, taighde ar chosaint an chomhshaoil, bunachar sonraí ar an gcomhshaoil, tionchar na talmhaíochta ar an gcomhshaoil agus babhtáil faisnéise agus feasachta ar an gcomhshaoil.

Gníomhaíochtaí

2.10.2 Sa bhliain 2004 leanadh leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh chun an clár oibre, a bhí faoi shainordú roimhe sin, ar raon saincheistanna a bhaineann leis an gcomhshaoil a chur chun cinn:

- Leanadh den obair chomhordaithe Thuaidh Theas le linn 2004 ar na chéad chéimeanna a bhain le Treoir Frámaíochta Uisce an AE a chur i bhfeidhm agus go háirithe leo siúd a bhain le forbairt a dhéanamh ar chórais choitianta toipeolaíochta, mhonatóireachta agus aicmithe chun an tuairisciú agus an mhonatóireacht atá riachtanach faoin Treoir a dhéanamh;
- Thosaigh an obair i Lúnasa 2004 ar thionscadal Thuaidh Theas (N/S SHARE), a chuir an Grúpa Oibre Thuaidh Theas ar Chaighdeán Uisce chun cinn - is é aidhm an tionscadail an inniúlacht idir-réigiúnach i leith monatóireacht agus bainistíocht chomhshaoil a neartú, feasacht an phobail ar shaincheistanna a bhaineann le bainistíocht uisce a fheabhsú mar aon lena rannpháirtíocht sa bhainistíocht uisce agus líon áirithe de straitéisí ar uisce trasteorann bainteach le bainistíocht na n-abhantrach a fhorbairt agus iad bunaithe ar scothchleachtas pleanála sa bhainistíocht abhantrach. Is €7.5m (£5.1m) costas iomlán an tionscadail atá ag fáil tacaíochta ó Chlár INTEREEG IIIA an AE;
- Thionóil an Roinn Comhshaoil i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil sa Deisceart seimineáir faisnéise i rith na bliana i gcomhair pháirtithe leasmhara an TFU. D'fhreastail agus ghlac oifigigh ó gach cearn den oileán páirt sna seimineáir.

- Leanadh den obair ar chur chuige straitéiseach uile-oileáin a fhorbairt i gcomhair margaiócht a dhéanamh ar an bhforbairt atá ag tarlú ó thaobh ábhar inathchúrsála. Cuireadh tús le staidéar nua a bhfuil sé i gceist aige a fháil amach an mbeifí ábalta muileann páipéir a bhunú ar oileán na hÉireann. Léireoidh an staidéar sin an tairbhe straitéiseach a bheadh ag muileann páipéir nua chun margadh páipéir inathchúrsáilte dinimiciúil agus sláintiúil a chur ar fáil. Is é an Grúpa Stiúrtha Thuaidh Theas ar Fhorbairt Mhargaidh atá ina cheannas agus is í an Roinn Oideachais trí WRAP (Clár Gnímh i dtaobh Dramhaíola agus Acmhainní) agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a chómhaoineigh é.
- Sheol Airí conradh uile-oileáin chun bainistíocht a dhéanamh ar chuisneoirí agus ar chuisneoir/reoiteoirí nach bhfuil in úsáid a thuilleadh a bhailiú in Aibreán 2004. Bailíodh 100,000 aonad ar an oileán agus tugadh chuig ionaid athchúrsála iad. Tá 32 údarás áitiúil sa Deisceart agus 26 comhairle dúiche i dTuaisceart Éireann páirteach sa scéim. Tá córas lipéadaithe nuálach in úsáid sa tseirbhís sin chun a chinntiú go bhfuil rian sonraisc/iniúchta slán i bhfeidhm. Beidh tairbhe suntasach leis an ngné sin nuair a bheidh córais á bhforbairt chun Treoir an AE ar Threalamh Dramhaíola Leictreach agus Leictreonach a chur i bhfeidhm ar an 13 Lúnasa 2005. I mí na Samhna 2004 bhuaigh an conradh seo gradam cáiliúil sa chatagóir don Tionscadal Comhpháirtíochta is Fearr i dtaobh Athchúrsála ag na Gradaim Náisiúnta Athchúrsála a bhí á réachtáil ar fud na Ríochta Aontaithe; agus
- Leanadh den obair chun deiseanna a chur ar fáil chun eolas a bhabhtáil agus chun feasacht ar an gcomhshaoil a mhéadú sna réimsí comhleasa sa dá dhlíne. Áirítear leis an obair sin ábhar léitheoireachta ar an gcomhshaoil a tháirgeadh nó athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar léitheoireachta, úsáid na n-ábhar taispeántais a roinnt, foirne a bhabhtáil, agus freastal a bheith ar chruinnithe líonra chun deis a thabhairt do dhaoine cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus dea-chleachtais a roinnt.

An Earnáil Sláinte

2.11.1 Comhaontaíodh go ndéanfadh CATT breithniú tosaigh ar na gnéithe seo a leanas mar chuid den chomhoibriú Thuaidh/Theas maidir le Sláinte: na Seirbhísí Taismí agus Éigeandála, Pleanáil i gcomhair Éigeandálaí Móra, Trealamh Ardteicneolaíochta, Taighde ar Ailse agus Cur Chun Cinn na Sláinte.

Gníomhaíochtaí

2.11.2 Rinneadh an-dul chun cinn ar réimsí ainmnithe a bhaineann leis an gclár comhoibríthe sláinte in 2004.

2.11.3 Leagtar an bhéim fós maidir leis na **Seirbhísí Taismí agus Éigeandála** ar na nithe sin a bhaineann le comhoibriú áitiúil trasteorann lena n-áirítear ospidéal sna limistéir atá ar an teorainn agus comhoibriú níos leithne ar bhonn réigiúnach nó for-réigiúnach, lena n-áirítear seirbhísí speisialaithe atá inmharthana, nó a d'fhéadfadh a bheith inmharthana nuair a chuirfí ar fáil iad don oileán uile.

2.11.4 Is tionscnamh trasteorann na mBord Sláinte é 'Comhoibriú agus Oibriú le chéile', agus tá líon áirithe de na tionscnaimh sna réimsí sin á mbainistiú fós aige.

2.11.5 Chuathas i mbun comhthionscnaimh eile i Meán Fómhair nuair a chomhoibrigh Bord Sláinte an IarThuaiscirt agus Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Iarthair le chéile chun tús a chur leis an tseirbhís máinliachta Béil agus Mascaill a beidh bunaithe in Ospidéal Allt Mhic Dhuibhleacháin. Cuirtear seirbhís chúraim lae agus eisothar ar fáil go comhtháite i limistéir an dá bhord sláinte faoi réir an tionscnaimh.

2.11.6 Maidir leis an **bPleanáil i gcomhair Éigeandálaí Móra**, rinne na Ranna Sláinte coimisiúnú a dhéanamh ar 'Comhoibriú agus Oibriú le chéile' chun dul i mbun trí thionscadal lena n-áirítear scéim thrasteorann: 'An Chéad Fhreagróir' (CPR agus bunoilúint gharchabhrach do phobail); fóraim phleanála i gcomhair Éigeandálaí a bhunú (chun pleanáil, líonraí forbartha agus cleachtais chomhoiliúna agus chomhordaithe a chomhtháthú); agus pleananna a fhorbairt do thaismí móra. Tosaíodh orthu seo in 2004 agus tá siad an ainm is a bheith críochnaithe in 2006.

2.11.7 Foilsíodh tuarascáil ar staidéar féidearthachta a ndearnadh coimisiúnú air in 2002 ar chostais agus ar an tairbhe a bhainfeadh le Seirbhís Míochaine Éigeandála Héileacaptair uile-oileáin. Chinn an tuarascáil gurb é an ról ba chúil a bheadh ag an tSeirbhís Míochaine Éigeandála Héileacaptair don oileán uile ná chun othair an-bhreithe a aistriú go mear idir ospidéal agus go mbeadh daoine gairmiúla míochaine a mbeadh na scileanna riachtanacha acu agus a bheadh oilte, leo san héileacaptar. Chinn na Comhairleoirí gur €12 milliún an costas a bheadh le héileacaptar amháin a fháil don tseirbhís agus go mbeadh níos mó ná €4.0 milliún mar chostas bliantúil chun an tseirbhís a chur i bhfeidhm.

2.11.8 Rinne an dá Roinn Sláinte dianmhachnamh ar an tuarascáil. D'aontaigh an dá Roinn go rachadh an tuarascáil go mór chun tairbhe na díospóireachta maidir le cúram éigeandála réamhospidéal Thuaidh Theas a fhorbairt sa todhcháil. Idir an dá linn tabharfar tús áite sna blianta atá le teacht do laghdú a dhéanamh ar an am a thógann sé ar otharchair freagra a thabhairt ar ghlaonna éigeandála, lena n-áirítear glaonna éigeandála ó phobail scoite faoi tuath.

2.11.9 Leanadh i rith na bliana den mhachnamh ar Straitéis Ghluaisteachta agus Freagartha ar Thimpistí Bóthair do bhriogáid dóiteáin sna ceantair ar an teorainn agus ar a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar chláir feasachta agus oideachais do phobail faoi chosc dóiteáin.

2.11.10 Maidir leis an **Trealamh Ardteicneolaíochtaí**, is é an aidhm atá leis measúnú a dhéanamh ar an tairbhe eacnamaíoch agus cóireála a bheadh ar fud an oileáin go léir le hardteicneolaíochtaí nua agus le hardteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ó thaobh an chúraim ab fhearr a chur ar fáil d'othair. Aithníodh gur cheart comhoibriú a bheith sna réimsí seo a leanas sa todhcháil: tionscnaimh nua a bhaineann le scagadh daonra, imdhíoneolaíocht, géineolaíocht agus Tionscadal Aitheantóra Uathúil an Othair - An Chliaint.

2.11.11 Maidir le **Taighde ar Ailse**, leanadh den Fheadhnacht a bunaíodh in 1999 chun cuidiú a thabhairt i leith seirbhísí ailse a fhorbairt, ach go háirithe le cur le toradh

an taighde ar ailse atá ar siúl ag lucht acadúil i dTuaisceart Éireann agus sa Deisceart.

2.11.12 Ba í 2004 an cúigiú bliain den Mheabhrán Comhthuisceana a bhunaigh an Fheadhnacht agus rinneadh athbhreithniú ar an Meabhrán Comhthuisceana sin. D'aontaigh an Bord Stiúrthóirí i mí na Nollag gur éirigh go maith leis an bhFeadhnacht, ina raibh an National Cancer Institute, sna Stáit Aontaithe, agus na Ranna Sláinte Thuaidh agus Theas páirteach, agus mhol siad gur cheart athnuachan a dhéanamh ar an Meabhrán Comhthuisceana ar feadh cúig bliana eile. Rinne an Tánaiste/an tAire Sláinte agus an tAire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Pobail formhuiniú polaitiúil ar an socrú seo.

2.11.13 Tá taifead déanta ar na gnóthachtálacha atá bainte amach de bharr an chomhoibríthe go dáta maidir le trialacha cliniúla, bunú Líonra uile-oileáin ar Ailse, foilsíú Tuarascálacha na gClárlann Ailse ar Staitisticí Ailse ar fud an oileáin, comhaltachtaí taighde éipidéimeolaíochta i dTuaisceart Éireann agus sa Deisceart, cláir babhtála Scoláireachta agus Altranais agus ceardlanna uile-oileáin ar chosc Ailse.

2.11.14 Is réimse fíor-réamhghníomhach fós é Cur Chun Cinn na Sláinte maidir le comhoibriú agus le comhghníomhú. Comhoibríodh ar thrí chomhdháil a tionóladh agus bhí ceithre cinn eile beartaithe suas go Bealtaine 2005. Sláinte na bhfear, sláinte san ionad oibre agus gníomhaíocht fhísiciúil (murtall) téamaí na gcomhdhálacha.

2.11.15 Leanadh de na gníomhaíochtaí forbraíocha agus cuireadh leis an obair a rinneadh an bhliain roimhe maidir le téamaí a bhaineann le gníomhaíocht fhísiciúil, taighde, ospidéal a chuireann an tsláinte chun cinn, oiliúint agus cur chun cinn sláinte san ionad oibre. Cuireadh trí ábhar bhreise ar a mbeifí ag comhoibriú ar an gclár do 2004:- sláinte na bhfear, beathú cíche agus sláinte mheabhrach a chur chun cinn.

An Earnáil Iompair

2.12.1 Comhaontaíodh go ndéanfadh CATT breithniú tosaigh ar na gnéithe seo a leanas mar chuid den chomhoibriú Thuaidh/Theas maidir le hIompar: pleanáil straitéiseach, sábháilteacht bóithre agus iarnród. Cé gur i bpleanáil bóithre agus iarnród go príomha a bheadh an comhoibriú thabharfaí saincheisteanna a bhaineann le hearnáil na gcalafort agus na n-aerfort san áireamh chomh maith.

Gníomhaíochtaí

2.12.2 Leanadh den phlé agus den chomhoibriú idir Airí agus idir oifigigh shinsearacha i dTuaisceart Éireann agus sa Deisceart ar raon leathan de shaincheisteanna iompair.

2.12.3 Ar an 20 Meán Fómhair bhuaill John Spellar, Aire in Oifig Thuaisceart Éireann ar a bhfuil freagrachtaí i leith Iompair le hAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlach na hÉireann, Mary Coughlan T.D., chun saincheisteanna a bhaineann le táillí lamháiltais san iompar poiblí a phlé. Tá táillí lamháiltais éagsúla i bhfeidhm sa dá dhlínse agus bhuaill oifigigh lena chéile chun a chinntiú go bhféadfaí freastal ar an taisteal trasteorann agus go gcuirfí aisiocáíochtaí, mar ba chóir, ar fáil do na hiompróirí.

2.12.4 Chomh maith leis sin i Meán Fómhair bhuaill Rúnaí Buan Roinn Forbartha Réigiúnaí Thuaisceart Éireann (RTR) lena chomhghleacaí i Roinn Iompair na hÉireann chun saincheisteanna a bhaineann leis an dá dhlínse maidir le bóithre, iarnróid agus aerfort a phlé.

2.12.5 Thionóil an tSeirbhís Bóithre sa Roinn Forbartha Réigiúnaí cruinnithe rialta lena gcomhghleacaithe san Údarás um Bóithre Náisiúnta agus le hoifigigh ón Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil mar Ghrúpa Stiúrtha Trasteorann. Mar pháirt de na cainteanna pléadh mórchlár oibreacha sa dá dhlínse (lena n-áirítear mórthionscadail indibhidíúla) agus an tionscadal INSTANT (Córas Faisnéise agus Bainistíochta ar Iompar Uilemhodúil i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn).

2.12.6 Thionóil oifigigh de chuid na Seirbhíse Bóithre agus na Sábháilteachta Bóithre ón Roinn Comhshaoil sraith

cruinnithe leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta le linn 2004 inar pléadh na teorainneacha méadracha luais atá le tabhairt isteach sa Deisceart ar an 20 Eanáir 2005. Dhírigh na cruinnithe seo ar shaincheisteanna a bhain le comharthaí ag crosbhóithre teorann agus le himpleachtaí sábháilteachta do dhaoine a bhíonn ag taisteal go dtí an tuaisceart agus an deisceart.

2.12.7 Chuaigh an Roinn Comhshaoil agus an Chomhairle Náisiúnta Sábháilteachta i gcomhar lena chéile go leanúnach chun comhfheachtais/comhtheachtaireachtaí ar shábháilteacht bóithre a chomhordú.

2.12.8 Bhí ionadaithe ag an Roinn Comhshaoil agus an Roinn Forbartha Réigiúnaí ag an gcéad chruinniú den Ghrúpa Stiúrtha ar an tionscadal 'Steering to Safety' de chuid an tionscnaimh 'Comhoibriú agus Oibriú le chéile'. Faigheann an tionscadal a mhaoiniú ó INTERREG IIIA an AE agus tá sé mar aidhm aige an líon taismí bóithre agus na gortaithe a ghabhann leo i limistéir 'Comhoibriú agus Oibriú le chéile' a laghdú, .i. an teorainn talún idir an Tuaisceart agus an Deisceart atá faoi chúram Bhord Sláinte an Oirthuaiscirt agus Bhord Sláinte an Iarthuaiscirt sa Deisceart agus Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Iarthair agus Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Deiscirt de chuid Thuaisceart Éireann.

2.12.9 De bharr cruinnithe a tionóladh le Lónra Limistéar Lárteorann na hÉireann fuarthas maoiniú faoin gclár Peace II agus Tionscnamh Pobail INTERREG IIIA chun mionfheabhsúcháin a dhéanamh ar bhóithre i réigiún na teorann le linn na bliana seo a chuaigh thart.

2.12.10 Lean an comhoibriú le linn na bliana idir oifigigh de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus an Roinn Iompair maidir le saincheisteanna a bhaineann le hAerfort Chathair Dhoire, agus chuidigh oifigigh ón Roinn Iompair leis an gcoiste stiúrtha a bhunaigh Aire Stáit Thuaisceart Éireann chun riachtanais mhaoinithe an aerfort sa todhchaí a mheas.

2.12.11 Bhuaill oifigigh ón Roinn Forbartha Tuaithe agus ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha le chéile chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le

háiseanna loingseoireachta a chur ar fáil ar Loch Cairlín, agus le hinniúlacht na gcalafort in Éirinn.

2.12.12 Leanadh den phlé ar shaincheisteanna iarnród, go háirithe conas mar ba cheart dul i mbun sábháilteachta iarnród, tionchar na dtreoracha Eorpacha agus na n-oibríochtaí trasteorann. Thionóil an Roinn Forbartha Réigiúnaí dhá sheimineár inar ghlac Iarnróid Thuaisceart Éireann, Iarnród Éireann agus an Roinn Iompair páirt chun plé a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhainfeadh le tograí reachtúla faoi athbhreithniú.



Tugadh faomhadh do na cinntí seo a leanas in 2004 de réir na nósanna imeachta Eatramhacha a bhí i bhfeidhm.

An Earnáil Forbartha Trádála agus Bia

- **Faofa** an 17 Meitheamh, cinneadh InterTradelreland i ndáil le luach saothair agus coinníollacha eile seirbhíse agus socruithe comhshamhlaithe an Phríomhfheidhmeannaigh;
- **Faofa** an 9 Lúnasa, (i) na cinntí a rinne InterTradelreland; agus (ii) go bhféadfadh na Ranna Urra cuí, An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta cinntí a fhaomhadh ar thuarastail tosaigh na foirne a earcaítear, seachas an Príomhfheidhmeannach, i gcomhair InterTradelreland laistigh den fhrámaíocht shainithe; agus go bhféadfadh na Ranna Urra cead a thabhairt do InterTradelreland cinntí dá leithéid a dhéanamh gan an faomhadh sin dá mbeadh siad (na Ranna) sásta é sin a dhéanamh;
- **Tugtha faoi ndeara** ar an 1 Meán Fómhair, Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais InterTradelreland i gcomhair 2003; agus
- **Faofa** an 2 Samhain, Plean Corparáideach InterTradelreland 2005-2007, **tugtha faoi ndeara** cuntas ar an bPlean Gnó do 2005; **molta** foráil bhuiséad InterTradelreland do 2005, lena n-áirítear na ranníocaíochtaí ó Thuaisceart Éireann agus ón Deisceart, faoi seach, agus na buiséid iomlána fortheilgthe do 2006 agus 2007.

An Earnáil Sábháilteachta Bia

- **Tugtha faoi ndeara** an 30 Márta, Tuarascáil Bhliantúil 2002 den Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia lenar bhain Ráitis Airgeadais go dtí Nollaig 2001;
- **Faofa** an 22 Meitheamh, cinneadh an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia i ndáil le luach

saothair agus coinníollacha eile seirbhíse agus socruithe comhshamhlaithe an Phríomhfheidhmeannaigh;

- **Faofa** an 16 Iúil, (i) na cinntí a rinne an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia; agus (ii) go bhféadfadh na Ranna Urra cuí, An Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, cinntí a fhaomhadh ar thuarastail tosaigh na foirne a earcaítear, seachas an Príomhfheidhmeannach, i gcomhair an Bhoird Um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia laistigh den fhrámaíocht shainithe; agus go bhféadfadh na Ranna Tacaithe cead a thabhairt don Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia cinntí dá leithéid a dhéanamh gan an faomhadh sin dá mbeadh siad (na Ranna) sásta é sin a dhéanamh; agus
- **Faofa** an 22 Samhain, Plean Corparáideach 2005-2007 agus Plean Gnó 2005, **molta** foráil bhuiséad 2005, lena n-áirítear na ranníocaíochtaí ó Thuaisceart Éireann agus ón Deisceart, faoi seach, agus **tugtha faoi ndeara** na buiséid iomlána fortheilgthe do 2006 agus 2007 agus **faomhadh** tugtha don Phlean Gnó do 2003.

An Earnáil Dobharshaothraithe agus Mara

- **Faofa** an 4 Eanáir, Plean Gnó 2004 Ghníomhaireacht na Lochanna; **molta** an 4 Eanáir, foráil bhuiséad Ghníomhaireacht na Lochanna mar atá leagtha amach sa tábla i gcomhair 2004, lena n-áirítear na ranníocaíochtaí ó Thuaisceart Éireann agus ón Deisceart, faoi seach, agus **tugtha faoi ndeara** na buiséid iomlána fortheilgthe do 2005 - 2006;
- **Faofa** an 2 Feabhra, Plean Corparáideach 2003-2005 agus Plean Gnó Ghníomhaireacht na Lochanna do 2003;
- **Faofa** an 13 Feabhra, the Foyle Area and Carlingford Area (Angling) (Amendment) Regulations 2004: agus **údaraithe** Comhrúnaithe na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas le síniú agus le faomhadh ar a son;

- **Faofa** an 22 Márta, the Foyle Area (Control of Drift and Draft Net Fishing) Regulations 2004: agus **údaraithe** Comhrúnaithe na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas le síniú agus le faomhadh ar a son; Cinntí a rinneadh in 2004 de réir na Nósanna Imeachta Eatramhacha
- **Faofa** an 26 Meitheamh, cinneadh Choimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann maidir le luach saothair agus coinníollacha eile seirbhíse agus socruithe comhshamhlaithe an Phríomhfheidhmeannaigh;
- **Faofa** an 1 Meán Fómhair, the Foyle Area and Carlingford Area (Close Seasons for Angling) (Amendment) Regulations 2004: agus **údaraithe** Comhrúnaithe na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas le síniú agus le faomhadh ar a son;
- **Faofa** an 20 Meán Fómhair, (i) na cinntí a rinne Coimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann; agus (ii) go bhféadfadh na Ranna Urra cuí, An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha agus an Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe cinntí a fhaomhadh ar thuarastail tosaigh na foirne a earcaítear, seachas an Príomhfheidhmeannach, i gcomhair Ghníomhaireacht na Lochanna laistigh den fhrámaíocht shainithe; agus go bhféadfadh na Ranna Urra cead a thabhairt do Choimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann cinntí dá leithéid a dhéanamh gan an faomhadh sin dá mbeadh siad (na Ranna) sásta é sin a dhéanamh;
- **Faofa** an 18 Deireadh Fómhair, Plean Corparáideach 2005-2007 agus Plean Gnó Ghníomhaireacht na Lochanna do 2005; **molta**, foráil bhuiséad Ghníomhaireacht na Lochanna do 2005, lena n-áirítear na ranníocaíochtaí ó Thuaisceart Éireann agus ón Deisceart, faoi seach, agus **tugtha faoi ndeara** na buiséid iomlána fortheilgthe do 2006 - 2007; agus
- **Faofa** an 17 Nollaig, the Foyle Area and Carlingford Area (Licensing of Fishing Engines) (Amendment)

Regulations 2004: agus **údaraithe** Comhrúnaithe na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas le síniú agus le faomhadh ar a son.

Earnáil na gClár Speisialta AE

- **Faofa** an 27 Aibreán, luach saothair agus coinníollacha eile seirbhíse agus socruithe comhshamhlaithe a bhainfidh le Príomhfheidhmeannach CCSAE, de réir riachtanas Chomhaontú na gComhlachtaí Forfheidhmithe, Aguisín 2, cuid 7 alt 3.2;
- **Comhaontaithe** an 16 Meitheamh, go raibh an t-iarthóir tosaíochta, An tUas. Pat Colgan, inghlactha do cheapachán don phost mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhlacht na gClár Speisialta AE;
- **Faofa** an 5 Iúil, ceapachán foirmiúil an Uas. Pat Colgan mar Phríomhfheidhmeannach ar an gCCSAE de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha mar atá sainithe sa doiciméad conartha agus **aontaithe** gur féidir an dréacht-phreaseisiúint ag fógairt an cheapacháin a eisiúint;
- **Faofa** an 12 Deireadh Fómhair, Comhlánú Chlár INTERREG IIIA;
- **Faofa** an 18 Deireadh Fómhair, Plean Gnó CCSAE do 2005 agus an Plean Corparáideach 2005-2007; **molta** foráil bhuiséad CCSAE sa tábla do 2005, lena n-áirítear na ranníocaíochtaí ó Thuaisceart Éireann agus ón Deisceart, faoi seach, agus **tugtha faoi ndeara** na buiséid iomlána fortheilgthe do 2006 - 2007;
- **Faofa** an 25 Deireadh Fómhair, (i) na cinntí a rinne Comhlacht na gClár Speisialta AE; agus (ii) go bhféadfadh na Ranna Urra cuí, An Roinn Airgeadais agus an Roinn Airgeadais agus Pearsanra cinntí a fhaomhadh ar thuarastail tosaigh na foirne a earcaítear, seachas an Príomhfheidhmeannach, i gcomhair Chomhlacht na gClár Speisialta AE laistigh den fhrámaíocht shainithe; agus go bhféadfadh na Ranna Urra cead a thabhairt do Chomhlacht na

gClár Speisialta AE cinntí dá leithéid a dhéanamh gan an faomhadh sin dá mbeadh siad (na Ranna) sásta é sin a dhéanamh; agus

- **Tugtha faoi ndeara** ar an 29 Deireadh Fómhair, Tuarascáil Bhliantúil CCSAE agus Cuntais CCSAE do 2003.

An Foras Teanga

- **Faofa** an 26 Feabhra, Na Pleananna Gnó d'Fhoras na Gaeilge agus do Tha Boord o Ulstèr Scotch de réir an líon airgid aontaithe ag na Ranna urra; **molta** foráil bhuiséad An Fhorais Teanga Thuaidh/Theas sa tábla do 2004, lena n-áirítear na ranníocaíochtaí ó Thuaisceart Éireann agus ón Deisceart, faoi seach, agus **tugtha faoi ndeara** na buiséid iomlána fortheilgthe do 2005 - 2006;

Foras na Gaeilge

- **Faofa** an 4 Samhain, (i) na cinntí a rinne an Foras Teanga i ndáil le Foras na Gaeilge; agus (ii) go bhféadfadh na Ranna Urra cuí, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta cinntí a fhaomhadh ar thuarastail tosaigh na foirne a earcaítear, seachas an Príomhfheidhmeannach, i gcomhair Fhoras na Gaeilge laistigh den fhrámaíocht shainithe; agus go bhféadfadh na Ranna Urra cead a thabhairt don Fhoras Teanga cinntí dá leithéid a dhéanamh maidir le Foras na Gaeilge gan an faomhadh sin dá mbeadh siad (na Ranna) sásta é sin a dhéanamh.

Tha Boord o Ulstèr Scotch

- **Faofa** an 23 Meitheamh, an post d'Oifigeach Pobail agus Óige, ar chonradh bliana, agus an seans ann go gcuirí síneadh dhá bhliain ar a mhéid leis sin faoi réir a thuilleadh maoinithe a fháil ó Fhondúireacht na nÓg in Éirinn, de réir grádaithe agus scála tuarastail cothrom leis an EOI i Státseirbhís Thuaisceart

Éireann; agus **faofa** go mbeadh aon ardú ginearálta ar an scála seo sa todhchaí aontaithe idir na Ranna Urra cuí, Thuaidh agus Theas, le faomhadh na Ranna Airgeadais agus gan a thuilleadh tagartha do CATT;

- **Faofa** an 27 Iúil, cinneadh an Fhorais (An Ghníomhaireacht Ultach-Albanach) maidir le luach saothair agus coinníollacha eile seirbhíse agus socruithe comhshamhlaithe an Phríomhfheidhmeannaigh;
- **Comhaontaithe** an 6 Meán Fómhair, maoiniú breise £80,000 chun éilimh fós gan íoc a tabhaíodh faoi scéim cúnamh airgeadais don Ghníomhaireacht Ultach-Albanach, a ghlanadh;
- **Faofa** an 25 Deireadh Fómhair, (i) na cinntí a rinne an Foras Teanga maidir leis an nGníomhaireacht Ultach-Albanach agus (ii) go bhféadfadh na Ranna Urra cuí, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta cinntí a fhaomhadh ar thuarastail tosaigh na foirne a earcaítear, seachas an Príomhfheidhmeannach, don Ghníomhaireachta Ultach-Albanach laistigh den fhrámaíocht shainithe; agus go bhféadfadh na Ranna Urra cead a thabhairt don Fhoras Teanga cinntí dá leithéid a dhéanamh maidir leis an nGníomhaireacht Ultach-Albanach gan an faomhadh sin dá mbeadh siad (na Ranna) sásta é sin a dhéanamh;
- Faoi réir fhaomhadh na nAirí Airgeadais, **faofa** ar an 9 Samhain, earcú do phoist mar Stiúrthóir Teanga agus Oideachais agus mar Stiúrthóir Cultúir, gach aon phost le bheith de réir grádaithe agus scála tuarastail cothrom leis an DP i Státseirbhís Thuaisceart Éireann; agus
- **Faofa** an 16 Nollaig, Cód Iompair don Fhoireann sa Ghníomhaireacht Ultach-Albanach.

An Earnáil Uiscebhealaí Intíre

- **Faofa** an 20 Eanáir, an Plean Gnó do 2003;
- **Tugtha faoi ndeara** an 20 Eanáir, an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais do 2001;
- **Tugtha faoi ndeara** an 20 Eanáir, an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais do 2002;
- **Faofa** an 19 Iúil, (i) na cinntí a rinne Uiscebhealaí Éireann agus (ii) go bhféadfadh na Ranna Urra cuí, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta cinntí a fhaomhadh ar thuarastail tosaigh na foirne a earcaítear, seachas an Príomhfheidhmeannach, i gcomhair Uiscebhealaí Éireann laistigh den fhrámaíocht shainithe; agus go bhféadfadh na Ranna Tacaithe cead a thabhairt d'Uiscebhealaí Éireann cinntí dá leithéid a dhéanamh gan an faomhadh sin dá mbeadh siad (na Ranna) sásta é sin a dhéanamh; Cinntí a Rinneadh sa bhliain 2004 de réir na Nósanna Imeachta Eatramhacha
- **Faofa** an 5 Samhain, Plean Corparáideach Uiscebhealaí Éireann do 2005-2007 agus Plean Gnó 2005; **molta** foráil bhuiséad Uiscebhealaí Éireann sa tábla do 2005, lena n-áirítear na ranníocaíochtaí ó Thuaisceart Éireann agus ón Deisceart, faoi seach agus **tugtha faoi ndeara** na buiséid iomlána fortheilgthe do 2006 - 2007; agus
- **Aontaithe** an 10 Samhain, do cheannach éigeantach tailte agus foirgneamh ag Droichead Webb, Mainistir Shruithla, Co. an Longfoirt.

An Earnáil Turasóireachta

- **Faofa** an 17 Meitheamh, cinneadh Tourism Ireland maidir le luach saothair agus coinníollacha eile seirbhíse Phríomhfheidhmeannach Tourism Ireland;
- **Faofa** an 17 Meitheamh, leithdháileadh €2.7m / £1.9m sa bhreis ó Rialtas na hÉireann i gcomhair

Clár Margáíochta Tourism Ireland do 2004; agus **tugtha faoi ndeara** go dtabharfaidh Tourism Ireland, in am is i dtráth, a thuilleadh tograí margáíochta ar aghaidh i gcomhthéacs thimthriall bhuiséadach Thuaisceart Éireann ag féachaint don roinn 2:1 aontaithe maidir leis na ranníocaíochtaí iomlána Thuaidh/Theas a dhéantar do chlár margáíochta an chomhlachta;

- **Faofa** an 16 Iúil, (i) na cinntí a rinne Tourism Ireland agus (ii) go bhféadfadh na Ranna Urra cuí, An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, agus an Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta, cinntí a fhaomhadh ar thuarastail tosaigh na foirne a earcaítear, seachas an Príomhfheidhmeannach, i gcomhair Tourism Ireland laistigh den fhrámaíocht shainithe; agus go bhféadfadh na Ranna Tacaithe cead a thabhairt do Tourism Ireland cinntí dá leithéid a dhéanamh gan an faomhadh sin dá mbeadh siad (na Ranna) sásta é sin a dhéanamh;
- **Tugtha faoi ndeara** an 9 Samhain, An Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais do 2003; agus
- **Faofa** an 19 Nollaig, (a) an t-athrú riachtanach a theastaíonn ó Airteagal 39 de na hAirteagail Chomhlachais mar a leanas: athrófar an abairt "the first Board of Directors shall serve for a period of not less than four years" go dtí "the first Board of Directors shall serve for a period not exceeding five years"; (b) na Comhrúnaithe a stiúradh chun comhairle a chur ar Rúnaí na Cuideachta, i scríbhinn, den aontú gur glacadh leis an athrú ar Airteagal 39; agus (c) síneadh ó cheithre bliana go cúig bliana a chur le tréimhse tosaigh cheapacháin an chéad Bhoird ar Tourism Ireland Teoranta. Tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm faoi réir fhaomhadh an athruithe ar Airteagal 39.



An Chomhrúnaireacht

Cúlra

Sonraíodh i Sraith a Dó den Chomhaontú go dtabharfadh Comhrúnaireacht bhuan ar a mbeadh baill de Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus de Státseirbhís na hÉireann mar fhoireann, tacaíocht don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas. Feidhmíonn baill an Deiscirt den Chomhrúnaireacht faoi scáth na Roinne Gnóthaí Eachtracha, agus feidhmíonn baill an Tuaiscirt faoi scáth Oifig an Chéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire.

Foireann

Leag an Meabhrán Comhthuisceana ar Nós Imeachta, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gCéad Chruinniú Iomlánach in Ard Mhacha ar an 13 Nollaig 1999, amach comhshocruithe agus feidhmeanna Chomhrúnaireacht na Comhairle. Comhaontaíodh, faoi théarmaí an Mheabhráin go mbeadh an Chomhrúnaireacht lonnaithe in Ard Mhacha agus go mbeadh beirt Chomhrúnaithe i gceannas uirthi, duine acu ceaptha ag gach aon Chóras Riaracháin. Bhí sé de dualgas ar an dá Chóras Riaracháin chomh maith Leas-Chomhrúnaí a ainmniú maille le foireann riaracháin agus tacaíochta cléireachais eile. Oibríonn oifigigh ó dhá thaobh na Rúnaireachta i gcomhar le chéile in oifigí roinnte in Ard Mhacha. Is é an tUas. Tim O'Connor Comhrúnaí an Deiscirt. Is é an tUas. Peter Smyth Comhrúnaí an Tuaiscirt. Is iad Barbara Jones (Deisceart) agus Pat Donaghy (Tuaisceart) na Leas-Chomhrúnaithe.

Feidhmeanna

Is iad seo a leanas feidhmeanna na Comhrúnaireachta faoi théarmaí an Mheabhráin:

- sceideal chruinnithe na Comhairle a eagrú i bhformáid éagsúla;
- réamhshocruithe polaitiúla/Aireachta a chinntiú maidir le clár chruinnithe na Comhairle;

- páipéir le haghaidh chruinnithe na Comhairle a ullmhú nó coimisiúnú a dhéanamh orthu lena n-áirítear nithe a bhaineann lena clár oibre;
- comhráitis agus cuntas ar chinntí na Comhairle a dhréachtú;
- cinntí na Comhairle a scaipeadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm;
- tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na Comhairle a dhréachtú;
- bheith i dteagmháil leis na Comhlachtaí Forfheidhmithe ar son na Comhrúnaireachta agus a bhforbairt a éascú;
- Idirchaidreamh a dhéanamh, nuair is cuí, tríd an Roinn nó an Oifig ainmnithe i gceachtar den dá dhlínse le Rúnaireacht Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann, le Rúnaireacht Chomhairle na Breataine - na hÉireann agus leis an gcomhfhóram parlaiminte Thuaidh/Theas agus leis an bhfóram comhairliúcháin neamhspleách nuair a bhunófar é; agus
- tascanna eile, ar iarraidh na Comhairle a chur i gcrích.

Chomh maith leis na feidhmeanna thuasluaite, comhordaíonn an Chomhrúnaireacht an próiseas ar Nósanna Imeachta Eatramhacha mar atá leagtha amach in alt 1.10 den tuarascáil seo. Éascaíonn sí chomh maith forbairt na gcomhshocruithe sna Comhlachtaí Thuaidh/Theas chun dea-chleachtas a chur i gcrích maidir le rialachas corparáideach agus le freagracht.

Maoiniú

Is iad na príomhchórais riaracháin a íocann costas foirne na Comhrúnaireachta. Roinntear costais eile a bhaineann leis an gComhrúnaireacht nó leis an gComhairle go cothrom idir an dá chóras riaracháin. (Féach Aguisín 3).

Faisnéis Airgeadais
1 Eanáir 2004 - 31 Nollaig 2004

Caiteachas

Ba £1,285,078/ €1,891,860 an caiteachas iomlán don tréimhse airgeadais 1 Eanáir 2004 go 31 Nollaig 2004 agus tá briseadh síos ar na príomhréimsí caiteachais leagtha amach thall.

Caiteachas Chomhrúnaireachta na CATT
 1 Eanáir 2004 - 31 Nollaig 2004

Ní	£	€
Tuarastail	952,271	1,401,910
Riarachán	288,043	424,050
Cruinnithe/Comhdhálacha	30,571	45,006
Caiteachas Caipitil	14,193	20,894
Iomlán	£1,285,078	€1,891,860

Sonraí Teagmhála na gComhlachtaí Thuaidh/Theas

Uiscebhealaí Éireann

Ceanncheathrú
20 Sráid Darling Inis Ceithleann
Co. Fhear Manach
BT74 7EW

Teil: (028) 6632 3004
Facs: (028) 6634 6237
Ríomhphost: info@waterwaysireland.org
Suíomh Gréasáin www.waterwaysireland.org

An Réigiún Thuaidh
Teach Somerview
Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Cora Droma Rúisc Co. Liatroma

Teil: (078) 50787
Facs: (078) 22866

Réigiún an Iarthair
Cearnóg an Mhargaidh
An Scairbh Co. an Chláir

Teil: (061) 922033
Facs: (061) 922036

Réigiún an Oirthir
Urlár 2 Bloc C Geata Bhaile na Fuinseoige
Bóthar na hUaimhe Baile Átha Cliath 15

Teil: (01) 8680148
Facs: (01) 8383647
Ríomhphost: info@waterwaysireland.com

An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia

7 Ascaill Gheata an Oirthir Geata an Oirthir
An tOileán Beag Corcaigh

Teil: (021) 230 4100
Facs: (021) 230 4111
Ríomhphost: info@safefoodonline.com
Suíomh Gréasáin: www.safefoodonline.com

Bloc B Cúirt na Mainistreach
Sráid na Mainistreach Íochtarach Baile Átha Cliath 1

Teil: (01) 817 1317
Facs: (01) 4480699

INTERTRADEIRELAND - An Comhlacht Forbartha Trádála agus Gnó

InterTradelreland
Páirc Ghnó na SeanGhaslainne
Sráid Chill Mhuire An tIúr Co. an Dúin
BT34 2DE

Teil: (028) 3083 4100
Facs: (028) 3083 4155
Ríomhphost: info@intertradeireland.com
Suíomh Gréasáin: www.intertradeireland.com

Comhlacht na gClár Speisialta AE

Teach AE
6 Plás Chromaic Béal Feirste
BT7 2JB

Teil: (028) 9026 6660
Facs: (028) 9026 6692
Ríomhphost: info@seupb.org
Suíomh Gréasáin: www.seupb.org

Teach AE
13 Bóthar Chúil Mhín An Ómaigh
Co. Thír Eoghain BT78 1LB

Teil: (028) 822 55750
Facs: (028) 822 48427
Ríomhphost: omagh@seupb.org

Teach AE
Cúirt Chluain an Chaisleáin
Muineachán

Teil: (047) 77003
Facs: (047) 71258
Ríomhphost: interreg@seupb.ie

An Foras Teanga Thuaidh/Theas

Foras Na Gaeilge
Foras na Gaeilge 7 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 639 8400
Facs: (01) 639 8401
Ríomhphost: eolas@forasnagaeilge.ie
Suíomh Gréasáin: www.forasnagaeilge.ie

Tha Boord o Ulstèr-Scotch

Tha Boord o Ulstèr-Scotch
Teach Franklin 5ú hUrlár
10-12 Sráid Brunswick
Béal Feirste
BT2 7GE

Teil: (028) 9023 1113
Facs: (028) 9023 1898
Ríomhphost: info@ulsterscotsagency.org.uk
Suíomh Gréasáin: www.ulsterscotsagency.com

Coimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann

Gníomhaireacht na Lochanna
22 Bóthar Victoria Waterside
Doire BT47 2AB

Teil: (028) 7134 2100
Facs: (028) 7134 2720
Ríomhphost: general@loughs-agency.org
Suíomh Gréasáin: www.loughs-agency.org

Teach Eolais
Lána na SeanChé
Cairlín Co. Lú

Teil: (042) 9383888
Facs: (042) 9383888
Ríomhphost: carlingford@loughs-agency.org



Tourism Ireland

Tourism Ireland

An 5ú hUrlár Cearnóg an Easpaig
Cnoc Réamainn Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 476 3400
Facs: (01) 476 3666
Ríomhphost: info@tourismireland.com
Suíomh Gréasáin: www.tourismireland.com

Oifig Réigiúnach

Tourism Ireland
Teach Beresford
2 Bóthar Beresford
Cúl Rathain BT52 1GE

Teil: (028) 7032 6632
Facs: (028) 7032 6932
Ríomhphost: Suíomh
Gréasáin: www.tourismireland.com

Comhaltaí Boird na gComhlachtaí Thuaidh/Theas (2004)

An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia - An Bord Comhairleach

An Comhairleoir Bertie Kerr
(Cathaoirleach)

An tOllamh Charlie Daly
(Leas-Chathaoirleach)

An tUas. Don Anderson

An tUas. Leslie Craig

Ms Carmel Foley

An tOllamh Patrick Fottrell

An tUas. Odran Flynn

An tUas. Patrick McColgan

Ms Catherine Murphy

An tUas. Damien O'Dwyer

Ms Anne Speed

An tOllamh Seán Strain

An Comhlacht Forbartha Trádála agus Gnó

Dr Martin Naughton
(Cathaoirleach)

An tUas. Barry Fitzsimons
(Leas-Chathaoirleach)

Ms Mary Ainscough

Ms Mary Breslin

An tUas. Trefor Campbell

An tUas. John Fitzgerald

An tUas. Jack Gilmour

Ms Jackie Harrison

An tUas. Carl McCann

An tUas. Fergal McCormack

Dr Inez McCormack

An tUas. Robbie Smyth

An Foras Teanga Thuaidh/Theas Foras Na Gaeilge

Maighréd Uí Mháirtín
(Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge/
Comhchathaoirleach den Fhoras Teanga)

An tUas. Liam Corey

Ms Anne Craig

An tUas. Gordon McCoy

An tUas. Aodán Mac Póilín

An tUas. Gearóid Mac Siacais

An tUas. Patrick McGlone

Treasa Ní Ailpín

Caitríona Ní Cheallaigh

Máiréad Nic Sheaghain

An tUas. Maolsheachlainn Ó Caollaí

An tUas. Leachlainn Ó Catháin

An tUas. Pádraig Ó Duibhir

An tUas. Gearóid Ó hEara

An tUas. Diarmuid Ó Murchú

Bríd Uí Néill

Tha Boord o Ulstèr-Scotch

An tUas. James Devenney*
(Cathaoirleach Gníomhach Tha Boord o Ulstèr -Scotch/
Comhchathaoirleach Gníomhach den Fhoras Teanga
Thuaidh/Theas)

An tUas. Pádraig de Bhál

Dr Linde Lunney

An tUas. Éamon Ó Domhnaill

An tUas. Alistair Simpson

An tUas. Robert Stoker

Dr Ian Adamson

* D'éirigh Lord Laird as mar Chathaoirleach ar an
23 Aibreán 2004.

Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann

An tUas. Peter Savage
(Cathaoirleach)

Lord Cooke of Islandreagh
(Leas-Chathaoirleach)

An tUas. Jack Allen

An tUas. Keith Anderson*

An tUas. Dick Blakiston-Houston

An tUas. Francis Feely

Dr Patrick J Griffin

Ms Siobhan Logue

Jacqui McConville

An tUas. Joseph Martin

An tUas. Tarlach Ó Crosáin

An tUas. Andrew Ward

Tourism Ireland

An tUas. Andrew Coppel
(Cathaoirleach)

Ms Ann Riordan
(Leas-Chathaoirleach)

Ms Gillian Bowler

An tUas. Alan Clarke

An tUas. Dennis Galway

An tUas. Howard Hastings

An tUas. Tony Kelly

An tUas. Tom McGrath

An tUas. Felix Mooney

An tUas. John Power

An tUas. Shaun Quinn

An tUas. Charles Sinnott

* D'éirigh an tUas. Anderson as ar an 17 Samhain 2004.

Eolas ar na Ranna

Ranna Lárnacha

Oifig an Chéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire
Rúnaireacht Feidhmiúcháin
Foirgnimh an Chaisleáin Béal Feirste BT4 3TT

Teil: (028) 9052 8164
Facs: (028) 9052 8697
Suíomh Gréasáin: www.northernireland.gov.uk

Rannóg Thuaisceart Éireann
Roinn an Taoisigh
Foirgnimh an Rialtais Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 662 4888
Facs: (01) 662 1972
Suíomh Gréasáin: www.irlgov.ie/taoiseach

Rannóg Thuaidh/Theas
An Rannóg Angla/Éireannach
An Roinn Gnóthaí Eachtracha**
80 Faiche Stiabhna Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 478 0822
Facs: (01) 478 5949
Ríomhphost: dfa@iveagh.irlgov.ie
Suíomh Gréasáin: www.irlgov.ie/iveagh

* Ról comhordaithe ar Thuaisceart Éireann
** Ról comhordaithe ar an Deisceart

An Earnáil Uiscebhealaí Intíre

An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta
3ú hUrlár Interpoint
20-24 Sráid Eabhrac
Béal Feirste BT15 1AQ

Teil: (028) 9025 8825
Facs: (028) 9025 8906
Ríomhphost: dcal@dcalni.gov.uk
Suíomh Gréasáin: www.dcalni.gov.uk

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Dún Aimirgin
43-49 Bóthar Mespil Baile Átha Cliath 4

Teil: (01) 647 3000
Facs: (01) 647 3051
Ríomhphost: eolas@pobail.ie
Suíomh Gréasáin: www.pobail.ie

An Earnáil Sláinte agus Bia

An Roinn Sláinte,
Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Bia
Foirgnimh an Chaisleáin Cnoc an Anfa
Béal Feirste
BT4 3SJ

Teil: (028) 9052 0500
Facs: (028) 9052 3136
Ríomhphost: webmaster@dhsspsni.gov.uk
Suíomh Gréasáin: www.dhsspsni.gov.uk

An Roinn Sláinte agus Leanaí
Teach Hawkins Sráid an Phoill Bhig
Baile Átha Cliath

Teil: (01) 635 4000
Facs: (01) 635 4001
Ríomhphost: webmaster@health.irlgov.ie
Suíomh Gréasáin: www.doh.ie

An Comhlacht Forbartha Trádála agus Gnó

An Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta
Netherleigh Ascaill Massey Béal Feirste BT4 2JP

Teil: (028) 9052 9900
Facs: (028) 9052 9273
Ríomhphost: information@detini.gov.uk
Suíomh Gréasáin: www.detini.gov.uk

An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
Teach Adelaide 39-49
Sráid Adelaide
Béal Feirste BT2 8FD

Teil: (028) 9025 7777
Facs: (028) 9025 7778
Ríomhphost: del@nics.gov.uk
Suíomh Gréasáin: www.delni.gov.uk

An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta
Sráid Chill Dara Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 631 2121
Facs: (01) 631 2827
Ríomhphost: webmaster@entemp.ie
Suíomh Gréasáin: www.entemp.ie

Earnáil na gClár Speisialta AE

An Roinn Airgeadais agus Pearsanra
Teach Rath gCaol
Bóthar Bhaile Aodha Beannchar
BT19 7NA

Teil: (028) 9127 9279
Facs: (028) 9185 8109
Ríomhphost: DFP.enquiries@dfpni.gov.uk
Suíomh Gréasáin: www.dfpni.gov.uk

An Roinn Airgeadais
Foirgnimh an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 676 7571
Facs: (01) 678 9936
Ríomhphost: webmaster@finance.irlgov.ie
Suíomh Gréasáin: www.finance.gov.ie

An Foras Teanga

An Roinn Cultúir, Ealaíon & Fóillíochta
3ú hUrlár Interpoint
20-24 Sráid an Eabhrac
Béal Feirste
BT15 1AQ

Caibidil 2 Teil: (028) 9025 8825
Facs: (028) 9025 8906
Ríomhphost: dcal@dcalni.gov.uk
Suíomh Gréasáin: www.dcalni.gov.uk

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Dún Aimhirgin
43-49 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4

Teil: (01) 647 3000
Facs: (01) 647 3051
Ríomhphost: eolas@pobail.ie
Suíomh Gréasáin: www.pobail.ie

Earnáil Choimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann

An Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe
Teach Dhún Dhónaill
Bóthar Bhaile Nua na hArda Uachtarach
Béal Feirste
BT4 3SB

Teil: (028) 9052 4999
Facs: (028) 9052 5015
Ríomhphost: library@dardni.gov.uk
Suíomh Gréasáin: www.dardni.gov.uk

An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha
Lána Líosain
Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 678 2000
Facs: (01) 661 8214
Ríomhphost: webmaster@dcmnr.gov.ie
Suíomh Gréasáin: www.dcmnr.gov.ie

An Earnáil Iompair

An Roinn Comhshaoil
Cúirt Clarence
10 - 18 Sráid Adelaide
Béal Feirste
BT2 8GB

Teil: (028) 9054 0540
Facs: (028) 9054 1169
Ríomhphost: cmb@doeni.gov.uk
Suíomh Gréasáin: www.doeni.gov.uk

An Roinn Forbartha Réigiúnaí
Cúirt Clarence
10-18 Sráid Adelaide
Béal Feirste
BT2 8GB

Teil: (028) 9054 0540
Facs: (028) 9054 0064
Ríomhphost: enquiries@drdni.gov.uk
Suíomh Gréasáin: www.drdni.gov.uk

An Roinn Iompair
Teach Iompair
44 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 670 7444
Facs: (01) 670 9633
Ríomhphost: info@transport.ie
Suíomh Gréasáin: www.transport.ie

An Earnáil Talmhaíochta

An Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe
Teach Dhún Dhónaill Bóthar Bhaile Nua na hArda
Béal Feirste
BT4 3SB

Teil: (028) 9052 4999
Facs: (028) 9052 5003
Ríomhphost: library@dardni.gov.uk
Suíomh Gréasáin: www.dardni.gov.uk

An Roinn Talmhaíochta agus Bia
Teach Talmhaíochta
Sráid Chill Dara Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 607 2000
Facs: (01) 661 6263
Ríomhphost: info@agriculture.gov.ie
Suíomh Gréasáin: www.agriculture.gov.ie

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Dún Aimhirgin
43-49 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath

Teil: (01) 647 3000
Facs: (01) 647 3051 :
Ríomhphost: eolas@pobail.ie
Suíomh Gréasáin: www.pobail.ie

An Earnáil Oideachais

An Roinn Oideachais
Teach Rath gCaol
Bóthar Bhaile Aodha Beannchar
BT19 7PR

Teil: (028) 9127 9279
Facs: (028) 9127 9100
Ríomhphost: mail@deni.gov.uk
Suíomh Gréasáin: www.deni.gov.uk

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Sráid Marlborough
Baile Átha Cliath 1

Teil: (01) 873 4700
Facs: (01) 878 7932
Ríomhphost: info@education.gov.ie
Suíomh Gréasáin: www.education.ie



North/South Ministerial Council
An Chomhairle Aireachta
Thuaidh/Theas

An Earnáil Comhshaoil

An Roinn Comhshaoil
Cúirt Clarence
10-18 Sráid Adelaide
Béal Feirste
BT2 8GB

Teil: (028) 9054 0540
Facs: (028) 9054 1169
Ríomhphost: cmb@doeni.gov.uk
Suíomh Gréasáin: www.doeni.gov.uk

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Teach an Chustaim
Baile Átha Cliath 1

Teil: (01) 888 2000
Facs: (01) 888 2888
Ríomhphost: press-office@environ.ie
Suíomh Gréasáin: www.environ.ie

An Earnáil Turasóireachta

An Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta
Netherleigh
Ascaill Massey
Béal Feirste
BT4 2JP

Teil: (028) 9052 9900
Facs: (028) 9052 9550
Ríomhphost: information@detini.gov.uk
Suíomh Gréasáin: www.detini.gov.uk

An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 631 3800
Facs: (01) 661 1201
Ríomhphost: web_master@dast.gov.ie
Suíomh Gréasáin: www.dast.gov.ie

Published by The Stationery Office and available from:

The Stationery Office
(mail, telephone and fax orders only)
PO Box 29, Norwich, NR3 1GN
Telephone orders/General enquiries: 0870 6005522
Fax orders: 0870 6005533

You can now order books online at www.tso.co.uk

The Stationery Office Bookshops
123 Kingsway, London, WC2B 6PQ
020 7242 6393 Fax 020 7242 6394
68-69 Bull Street, Birmingham B4 6AD
0121 236 9696 Fax 0121 236 9699
9-21 Princess Street, Manchester M60 8AS
0161 834 7201 Fax 0161 833 0634
16 Arthur Street, Belfast BT1 4GD
028 9023 8451 Fax 028 9023 5401
The Stationery Office Oriel Bookshop
18-19 High Street, Cardiff CF10 1PT
029 2039 5548 Fax 029 2038 4347
71 Lothian Road, Edinburgh EH3 9AZ
0870 606 5566 Fax 0870 6065588

The Stationery Office's Accredited Agents
(see Yellow Pages)
and through good booksellers



OPW

The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

A North-South
Publishing Partnership